



Uimhir 16 de 2010

**AN tACHT UM SHAORÁID CHOBHSAÍOCHTA
AIRGEADAIS EORPACH 2010**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míithe.
2. Páirteachas an Stáit faoi Chreat-Chomhaontú SaorCAE.
3. Íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste.
4. Íocaíochtaí isteach sa Státchiste.
5. Tuarascálacha ón Aire do Dháil Éireann.
6. Leasú ar an Acht um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro 2010.
7. Caiteachais.
8. Gearrtheideal.

AN SCEIDEAL

CREAT-CHOMHAONTÚ SAORCAE

[Uimh. 16.] *An tAcht um Shaoráid Chobhsaíochta* [2010.]
Airgeadais Eorpach 2010.

AN tACHT DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro 2010

2010, Uimh. 7



Uimhir 16 de 2010

**AN tACHT UM SHAORÁID CHOBHSAÍOCHTA
AIRGEADAIS EORPACH 2010**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT D'ÉASCÚ CHOBHSAÍOCHT AIRGEADAIS AN
AONTAIS EORPAIGH, AR MHAITHE LE LEAS AN
PHOBAIL, AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN—

- (A) DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE NITHE A
BHAINNEANN LE PÁIRTEACHAS AN STÁIT SA
tSAORÁID CHOBHSAÍOCHTA AIRGEADAIS
EORPACH, CUIDEACHTA PHOIBLÍ THEORANTA
ATÁ CORPRAITHE FAOI DHLÍTHE ARD-
DIÚCACHT LUCSAMBURG DE BHUN
COMHAONTAITHE IDIR-RIALTASAIGH IDIR
BALLSTÁIT ÁIRITHE DEN AONTAS EORPACH
DE BHUN THÁTÁIL CHOMHAIRLE AIRÍ
EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAIS AN
AONTAIS EORPAIGH AN 9 BEALTAINÉ 2010
MAIDIR LE CAOMHNÚ COBHSAÍOCHTA
AIRGEADAIS SAN EORAIP AGUS FAOI RÉIR
THÉARMAÍ CHREAT-CHOMHAONTÚ SAORCAE A
RINNE BALLSTÁIT ÁIRITHE DE PHÁIRT AGUS
AN tSAORÁID CHOBHSAÍOCHTA AIRGEADAIS
EORPACH DEN PHÁIRT EILE,
- (B) DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE NITHE A
BHAINNEANN LE RÁTHAÍOCHTAÍ ARNA
dTABHAIRT AG AN STÁT CHUN CRÍOCHA AN
CHOMHAONTAITHE A RINNEADH AMHLAIDH,
- (C) DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE
hÍOCAÍOCHTAÍ A BHEIDH LE DÉANAMH AS AN
bPRÍOMHCHISTE NÓ AS TORADH FÁIS AN
CHISTE SIN CHUN A CHUMASÚ ÉIFEACHT A
THABHAIRT DON CHOMHAONTÚ A
RINNEADH AMHLAIDH,
- (D) DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LEIS NA
FÁLTAIS GO LÉIR A GHEOFAR FAOIN ACHT
SEO, LENA nÁIRÍTEAR FÁLTAIS I LEITH
AIRGID A AIRLEACFAR NÓ RÁTHAÍOCHTAÍ A
THABHARFAR, A ÍOC ISTEACH SA STÁTCHISTE,

[Uimh. 16.] *An tAcht um Shaoráid Chobhsaíochta* [2010.]
Airgeadais Eorpach 2010.

(E) DO LEASÚ AN ACHTA UM SHAORÁID
IASACHTA AN LIMISTÉIR EURO 2010, AGUS

(F) DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE
GAOLMHARA.

[3 *Iúil*, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Mínithe.

1.—San Acht seo—

ciallaíonn “Cuideachta” an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach dá dtagraítear i gCreat-Chomhaontú SaorCAE mar cheann de na Páirtithe sa Chomhaontú sin agus ar cuideachta phoiblí faoi dhliteanas teoranta í atá corpraithe faoi dhlíthe Ard-Diúcacht Lucsamburg;

ciallaíonn “Creat-Chomhaontú SaorCAE” an Comhaontú idir Ballstáit áirithe den Aontas Eorpach (lena n-áirítear an Stát) de pháirt agus an Chuideachta den pháirt eile a shínigh an tAire thar cheann an Stáit an 10 Meitheamh 2010 agus a bhfuil an téacs de (lena n-áirítear na hIarscríbhinní) leagtha amach sa *Sceideal*, agus foláíonn sé aon léasú arna dhéanamh go cúí ar an gComhaontú sin;

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais.

Páirteachas an Stáit faoi Chreat-Chomhaontú SaorCAE.

2.—Féadfaidh an tAire ráthaíochtaí a eisiúint thar ceann an Stáit mar Ráthóir (de réir bhrí Chreat-Chomhaontú SaorCAE) chun críocha an Chomhaontaithe sin.

Íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste.

3.—Féadfar méideanna, nach mó a suim sa chomhiomlán ná €7,500,000,000, a íoc as an bPríomhchiste nó as toradh fáis an Chiste sin chun a chumasú don Stát na hoibleagáidí a éiríonn as Creat-Chomhaontú SaorCAE a chomhlíonadh, lena n-áirítear ranníoc an Stáit le caipiteal agus costais eile na Cuideachta agus aon chaiteachais eile arna dtabhuí i ndáil leis an gComhaontú sin.

Íocaíochtaí isteach sa Stáitchiste.

4.—Aon airgead a gheobhaidh an Stát nó a gheofar thar ceann an Stáit—

(a) i leith airgid a airleacfaidh an Stát faoin Acht seo, nó

(b) i leith aon ráthaíochta a thabharfaidh an Stát faoin Acht seo,

déanfar é a chur chun creidmheasa do chuntas an Stáitchiste agus beidh sé ina chuid den Phríomh-Chiste agus beidh sé ar fáil ar aon slí a mbeidh an Ciste sin ar fáil.

Tuarascálacha ón Aire do Dháil Éireann.

5.—(1) I leith gach tréimhse tuairiscithe, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh na tréimhse, tuarascáil a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a mbeidh an fhaisnéis seo a leanas inti:

(a) luach comhiomlán na ráthaíochtaí a d’eisigh an Stát faoi *alt 2* le linn na tréimhse tuairiscithe,

- (b) luach na ráthaíochtaí go léir a d'eisigh an Stát faoi *alt 2* go dtí deireadh na tréimhse tuairiscithe,
- (c) méid comhiomlán an airgid a rinne an Stát a airleacan faoi *alt 3* le linn na tréimhse tuairiscithe,
- (d) méid comhiomlán an airgid go léir a rinne an Stát a airleacan faoi *alt 3* go dtí deireadh na tréimhse tuairiscithe,
- (e) méid comhiomlán an airgid a fuair an Stát faoi *alt 4* le linn na tréimhse tuairiscithe, agus
- (f) méid comhiomlán an airgid go léir a fuair an Stát faoi *alt 4* go dtí deireadh na tréimhse tuairiscithe.

(2) I *bhfo-alt (1)*, ciallaíonn “tréimhse tuairiscithe”—

- (a) gach ceann de na tréimhsí seo a leanas—
 - (i) an tréimhse ó dháta rite an Achta seo go dtí an 31 Nollaig 2010,
 - (ii) an tréimhse in aon bhliain tar éis 2010 ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh,
 - (iii) an tréimhse in aon bhliain tar éis 2010 ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig,

nó

- (b) laistigh de gach tréimhse lena mbaineann *mír (a)*, cibé tréimhsí is giorra ná sin a mheasfaidh an tAire ó am go ham a bheith cuí sna himthosca.

6.—Leasaítear an tAcht um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro 2010 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 4, le héifeacht ó dháta rite an Achta sin:

Leasú ar an Acht um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro 2010.

“Tuarascálacha ón Aire do Dháil Éireann.

4.—(1) I leith gach tréimhse tuairiscithe, cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is indéanta tar éis dheireadh na tréimhse, tuarascáil a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a mbeidh an fhaisnéis seo a leanas inti:

- (a) méid comhiomlán an airgid a rinne an Stát a airleacan faoi *alt 2* le linn na tréimhse tuairiscithe,
- (b) méid comhiomlán an airgid a fuair an Stát faoi *alt 3* le linn na tréimhse tuairiscithe,
- (c) méid comhiomlán an airgid a rinne an Stát a airleacan faoi *alt 2* go dtí deireadh na tréimhse tuairiscithe,
- (d) méid comhiomlán an airgid a fuair an Stát faoi *alt 3* go dtí deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus

[Uimh. 16.] *An tAcht um Shaoráid Chobhsaíochta* [2010.]
Airgeadais Eorpach 2010.

- (e) méid comhiomlán an airgid atá gan íoc agus atá dlite don Stát faoin tsaoráid iasachta ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

(2) I bhfo-alt (1), ciallaíonn ‘tréimhse tuairiscithe’—

(a) gach ceann de na tréimhsí seo a leanas—

(i) an tréimhse ón 20 Bealtaine 2010 go dtí an 31 Nollaig 2010,

(ii) an tréimhse in aon bhliain tar éis 2010 ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh,

(iii) an tréimhse in aon bhliain tar éis 2010 ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig,

nó

(b) laistigh de gach tréimhse lena mbaineann mír (a), cibé tréimhsí is giorra ná sin a mheasfaidh an tAire ó am go ham a bheith cuí sna himthosca.”.

Caiteachais.

7.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Gearrtheideal.

8.—Féadfar an tAcht um Shaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach 2010 a ghairm den Acht seo.

AN SCEIDEAL

Alt 1.

CREAT-CHOMHAONTÚ SAORCAE

CREAT-CHOMHAONTÚ SaorCAE

idir

**RÍOCHT NA BEILGE
POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE
ÉIRE**

**RÍOCHT NA SPÁINNE
POBLACHT NA FRAINCE
POBLACHT NA hIODÁILE
POBLACHT NA CIPIRE
ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG**

**POBLACHT MHÁLTA
RÍOCHT NA hÍSILTÍRE
POBLACHT NA hOSTAIRE
POBLACHT NA PORTAINGÉILE
POBLACHT NA SLÓIVÉINE
POBLACHT NA SLÓVAICE
POBLACHT NA FIONLAINNE
AN PHOBLACHT HEILLÉANACH**

AGUS

**AN tSAORÁID CHOBHSAÍOCHTA AIRGEADAIS
EORPACH**

Maidir le **Creat-Chomhaontú SaorCAE** (an “**Comhaontú**”)

is iad seo a leanas a dhéanann é agus is eatarthu a dhéantar é:

- (A) Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Éire, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus an Phoblacht Heilléanach (“**Ballstáit an limistéir euro**” nó “**Scairsealbhóirí SaorCAE**”); agus
- (B) an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach (“**SaorCAE**”), *société anonyme* atá corpraithe i Lucsamburg agus a bhfuil a hoifig chláráithe ag 3, rue de la Congrégation, L-1352 Luxembourg (R.C.S. Luxembourg B153.414) (agus gairtear na “**Páirtithe**” anseo ina dhiaidh seo de Bhallstáit an limistéir euro agus de SaorCAE).

BROLLACH

De bhrí:

- (1) Gur cinneadh pacáiste cuimsitheach beart an 9 Bealtaine 2010 lena n-áirítear (a) Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (“**SásCAE**”) bunaithe ar Airteagal 122(2) den Chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus (b) SaorCAE d’fhonn tacaíocht airgeadais a thabhairt do Bhallstáit de chuid an limistéir euro a bhfuil deacrachtaí acu de dheasca imthosca eisceachtúla nach bhfuil neart ag na Ballstáit sin orthu. Samhlaítear go gcuirfidh SaorCAE tacaíocht airgeadais ar fáil do Bhallstáit de chuid an limistéir euro i gcomhar le CAI agus go gcuirfear an tacaíocht sin ar fáil ar théarmaí a bheidh inchomparáide leis na hiasachtaí tacaíochta cobhsaíochta a rinne Ballstáit de chuid an limistéir euro a airleacan chuig an bPoblacht Heilléanach.
- (2) Gur corpraíodh SaorCAE an 7 Meitheamh 2010 chun tacaíocht chobhsaíochta a thabhairt do Bhallstáit de chuid an limistéir euro i bhfoirm comhaontuithe saoráide iasachta (“**Comhaontuithe Saoráide Iasachta**”) agus iasachtaí (“**Iasachtaí**”) arna ndéanamh fúthu suas le EUR440 billiún laistigh de thréimhse theoranta ama. Beidh na Comhaontuithe Saoráide Iasachta sin ar fáil ar choinníoll go ndéanfaidh na Ballstáit iomchuí de chuid an limistéir euro a iarraidh na hiasachtaí sin meabhráin tuisceana (ar “**MT**” gach ceann díobh) leis an gCoimisiún Eorpach, ag gníomhú dó thar ceann Bhallstáit an limistéir euro, i ndáil le haraíonacht buiséid agus treoirlínte maidir le beartas geilleagrach agus iad a bheith de réir théarmaí na MT sin. Maidir le gach Comhaontú Saoráide Iasachta, gairfear “**an tIasachtaí**” den Bhallstáit iomchuí de chuid an limistéir euro is tairbhí.
- (3) Trí bhreith ó ionadaithe rialtais na 16 Bhallstáit de chuid an limistéir euro dar dáta an 7 Meitheamh 2010, ag gníomhú dóibh ar bhonn thátail an 9 Bealtaine 2010 ó na 27 mBallstáit, gur tugadh tasc don Choimisiún dualgais agus feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh de réir mar a bheartaítear le téarmaí an Chomhaontaithe seo.

- (4) Go gcisteoidh SaorCAE iasachtaí den sórt sin a thabhairt trí bhannaí, nótaí, páipéar tráchtála, fiach-urrúis nó socrúithe maoinithe eile (“**Ionstraimí Maoinithe**”) a eisiúint nó a dhéanamh a mbeidh mar thaca leo ráthaíochtaí neamhinchúlghairthe neamhchoinníollacha (ar “**Ráthaíocht**” gach ceann díobh) ó Bhallstáit an limistéir euro agus go ngníomhóidh na Ballstáit sin mar ráthóirí i leith na nIonstraimí Maoinithe sin de réir mar a bheartaítear le téarmaí an Chomhaontaithe seo. Is iad a bheidh i ráthóirí (“**Ráthóirí**”) Ionstraimí Maoinithe arna n-eisiúint nó arna ndéanamh ag SaorCAE gach Ballstát de chuid an limistéir euro (gan áireamh a dhéanamh ar aon Bhallstát de chuid an limistéir euro is Ráthóir Aschéimneach, nó a tháinig chun bheith ina Ráthóir Aschéimneach, faoi Airteagal 2(7) roimh Ionstraimí Maoinithe den sórt sin a eisiúint).
- (5) Gur thug gach Ballstát de chuid an limistéir euro breith pholaitiúil Tiomantais Ráthaíochta (mar a mhínítear in Airteagal 2(3)) a sholáthar de bhun théarmaí an Chomhaontaithe seo.
- (6) Go ndearna Ballstáit an limistéir euro agus SaorCAE an Comhaontú seo chun na nithe seo a leanas a leagan amach, eadhon, na téarmaí agus na coinníollacha ar a bhféadfaidh SaorCAE Iasachtaí a thabhairt do Bhallstáit de chuid an limistéir euro, Iasachtaí den sórt sin a chistiú trí Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh a mbeidh mar thaca leo Ráthaíochtaí a eiseoidh na Ráthóirí, na téarmaí agus na coinníollacha ar a n-eiseoidh na Ráthóirí Ráthaíochtaí i leith na nIonstraimí Maoinithe a eiseoidh nó a dhéanfaidh SaorCAE, na socrúithe a dhéanfar eatarthu i gcás ina gceanglófar ar Ráthóir níos mó ná an chionmhaireacht is gá dó de dhliteanais i leith Ionstraime Maoinithe a íoc faoi Ráthaíocht agus nithe áirithe eile a bhaineann le SaorCAE.

Anois, ar an ábhar sin, tá na Páirtithe tar éis comhaontú mar a leanas:

1. TEACHT I bhFEIDHM

- (1) Ar chúig (5) Bhallstát, ar a laghad, de chuid an limistéir euro ina gcuimsítear dhá thrían (2/3) ar a laghad d’iomlán na dtiomantas ráthaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 (“**Iomlán na dTiomantas Ráthaíochta**”) do sholáthar daingniú i scríbhinn, a bheidh go substaintiúil i bhfoirm Iarscríbhinn 3, do SaorCAE á rá go ndearna siad na bearta go léir is gá faoina ndlíthe náisiúnta faoi seach a chur i gcrích chun a chinntiú go mbeidh feidhm láithreach ag a n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo agus go mbeidh éifeacht láithreach leo (“**Daingniúchán Tiomantais**”), maidir leis an gComhaontú seo (cé is moite den oibleagáid ar Bhallstáit an limistéir euro Ráthaíochtaí a eisiúint faoin gComhaontú seo), tiocfaidh sé i bhfeidhm agus beidh sé ina cheangal idir SaorCAE agus na Ballstáit de chuid an limistéir euro a sholáthróidh na Daingniúcháin Tiomantais sin.
- (2) Maidir leis an oibleagáid atá ar Bhallstáit an limistéir euro Ráthaíochtaí a eisiúint faoin gComhaontú seo, ní thiocfaidh sí i bhfeidhm ná ní bheidh sí ina ceangal idir SaorCAE agus na Ballstáit de chuid an limistéir euro a sholáthair Daingniúcháin Tiomantais ach amháin tar éis do SaorCAE Daingniúcháin Tiomantais a fháil ó Bhallstáit de chuid an limistéir euro arb ionann comhiomlán a dTiomantas Ráthaíochta agus nócha faoin

gcéad (90%) nó níos mó d'Iomlán na dTiomantas Ráthaíochta. Aon Bhallstát de chuid an limistéir euro a dhéanfaidh iarratas ar thacaíocht chobhsaíochta ó Bhallstáit an limistéir euro nó a bhaineann tairbhe as tacaíocht airgeadais faoi chlár den tsamhail chéanna nó ar Ráthóir Aschéimneach cheana féin é, déanfar é a eisiámh agus ríomh á dhéanamh i dtaobh ar baineadh amach an tairseach sin arb éard í nócha faoin gcéad (90%) d'Iomlán na dTiomantas Ráthaíochta.

- (3) Maidir leis an gComhaontú seo agus leis an oibleagáid Ráthaíochtaí a sholáthar de réir théarmaí an Chomhaontaithe seo, tiocfaidh siad i bhfeidhm agus beidh siad ina gceangal ar aon Bhallstáit eile de chuid an limistéir euro (nár sholáthair a nDaingniúcháin Tiomantais tráth an Chomhaontaithe nó an tráth a thagann an oibleagáid chun Ráthaíochtaí a sholáthar i bhfeidhm de bhun Airteagal 1(1) nó 1(2)) an tráth a sholáthróidh na Ballstáit sin de chuid an limistéir euro a nDaingniúchán Tiomantais do SaorCAE agus ba chóir cóipeanna den chéanna a dhíriú chuig an gCoimisiún.

2. IASACHTAÍ A DHEONÚ, IONSTRAIMÍ MAOINTHE AGUS RÁTHAÍOCHTAÍ A EISIÚINT

- (1) I gcás iarraidh ó Bhallstát de chuid an limistéir euro ar Bhallstáit eile an limistéir euro iasacht tacaíochta cobhsaíochta a thabhairt, aontaíonn Ballstáit an limistéir euro (i) go n-údarófar leis seo don Choimisiún (i gcuibhreann le BCE agus CAI) an MT a chaibidil leis an Iasachtaí iomchuí ar MT é a bheidh i gcomhréir le cinneadh a fhéadfaidh an Chomhairle a ghlacadh faoi Airteagal 136 den Chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tar éis togra ón gCoimisiún agus go n-údarófar leis seo don Choimisiún téarmaí an MT sin a thabhairt chun críche agus an MT sin a shíniú leis an Iasachtaí thar ceann Bhallstáit an limistéir euro nuair a bheidh an MT sin ceadaithe ag Gasra Oibre an Ghrúpa Euro (mura ndearna an Iasachtaí agus an Coimisiún MT cheana féin faoi SásCAE ar MT é a cheadaigh gach Ballstát de chuid an limistéir euro agus sa chás sin beidh feidhm ag an dara MT sin a luaitear, ar choinníoll go gcumhdaíonn sé tacaíocht chobhsaíochta ó SásCAE agus ó SaorCAE); (ii) go ndéanfaidh an Coimisiún, i gcuibhreann le BCE, tar éis an MT iomchuí a cheadú amhlaidh, togra a chur faoi bhráid Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro maidir le príomhthéarmaí an Chomhaontaithe Saoráide Iasachta a bheidh le moladh don Iasachtaí bunaithe ar a mheasúnacht ar dhálaí an mhargaidh agus ar choinníoll go mbeidh ar áireamh ar théarmaí an Chomhaontaithe Saoráide Iasachta sin téarmaí airgeadais atá ar comhréir leis an MT agus comhréireacht aibíochtaí le hinmharthanacht fiachais; (iii) tar éis do Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro breith a thabhairt, go ndéanfaidh SaorCAE (i gcomhar le Gasra Oibre an Ghrúpa Euro) téarmaí mionsonraithe teicniúla na gComhaontuithe Saoráide Iasachta a chaibidil arb iad na Comhaontuithe iad faoina ndéanfar, faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagfar amach iontu, Iasachtaí a chur ar fáil don Iasachtaí iomchuí, ar choinníoll go mbeidh na Comhaontuithe Saoráide Iasachta sin go substaintiúil i bhfoirm teimpléid le haghaidh Comhaontú Saoráide Iasachta a cheadóidh Ballstáit an limistéir euro chun críche an Chomhaontaithe seo agus go mbeidh paraiméadair airgeadais na gComhaontuithe Saoráide Iasachta sin bunaithe ar na téarmaí airgeadais a mholfad an Coimisiún, i gcuibhreann le BCE, agus a cheadóidh Gasra Oibre an Ghrúpa Euro agus (iv) go ndéanfaidh SaorCAE na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh

roimh na Comhaontuithe Saoráide Iasachta sin agus na leaganacha forghníomhaithe de gach doiciméad gaolmhar a bhailiú, a fhíorú agus a choinneáil i slánchoimeád. Leagtar amach i dtéarmaí Airteagal 3(2) an bonn ar a dtabharfar breitheanna i ndáil le hIasachtaí a bheidh le tabhairt faoi Chomhaontú Saoráide Iasachta láithreach. De bhrí nach foras creidmheasa SaorCAE, tabharfaidh Iasachtaithe le fios agus tabharfaidh siad baránta i ngach Comhaontú Saoráide Iasachta nach gá údarú rialaitheach chun go ndeonóidh SaorCAE Iasachtaí don Iasachtaí sin faoina dhlí náisiúnta is infheidhme nó gurb ann do dhíolúine i leith an ghá sin le haghaidh údarú rialaitheach faoin dlí náisiúnta is infheidhme. Údaraíonn na Ráthóirí leis seo do SaorCAE Comhaontuithe Saoráide Iasachta den sórt sin a shíniú, faoi réir ceadú d'aon toil a fháil roimh ré uathu go léir atá páirteach i vótálacha iomchuí na Ráthóirí.

- (2) Maidir le gach Comhaontú Saoráide Iasachta agus maidir leis na hIasachtaí a bheidh le tabhairt fúthu, comhaontaíonn Ballstáit an limistéir euro go n-údarófar do SaorCAE (i gcomhairle le Gasra Oibre an Ghrúpa Euro) na téarmaí a struchtúru agus a chaibidil ar a bhféadfaidh SaorCAE Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh ar bhonn neamhspleách nó de bhun cláir nó clár nó saoráide eisiúna fiachais (ar “**Clár nó Clár de chuid SaorCAE**” gach ceann díobh) d’fhonn cistiú a thabhairt i dtaca le hIasachtaí a thabhairt d’Iasachtaithe. Fad a cheadófar é ó thaobh dhálaí an mhargaidh agus seachas mar a deirtear a mhalairt sa Chomhaontú seo, beidh an phróifíl airgeadais chéanna, go substaintiúil, ag na hIonstraimí Maoinithe sin atá ag na hIasachtaí gaolmhara (ar choinníoll (x) gur gá, ar chúiseanna oibríochta, go mbeidh moilleanna ann idir na dátaí eisiúna agus na dátaí íoca chun aistriú cistí agus iarraidh le haghaidh Ráthaíochtaí a éascú agus (y) d’ainneoin dhliteanas gach Ráthóra aon mhéideanna úis agus príomhshuime a íoc a bheidh dlite ach gan íoc faoi na hIonstraimí Maoinithe, go mbeidh cúlárach infheisteoirí in aghaidh SaorCAE faoi na hIonstraimí Maoinithe teoranta do shócmhainní SaorCAE lena n-áirítear, go háirithe, na méideanna a ghnóthóidh sí i leith na nIasachtaí). Beartaítear go gcumhdóidh an ráta úis ag a mbeidh feidhm maidir le gach Iasacht an costas Maoinithe a thabhóidh SaorCAE agus beidh ar áireamh ann corrlach (an “**Corrlach**”) lena soláthrófar luach saothair do na Ráthóirí. Féadfar an Táille Seirbhíse a úsáid chun costais oibríochta SaorCAE agus aon chostais agus táillí a bhaineann go díreach le heisiúint Ionstraimí Maoinithe nár muirearaíodh ar an Iasachtaí iomchuí ar shlí eile a chumhdach.
- (3) Maidir le hIonstraimí Maoinithe arna n-eisiúint nó arna ndéanamh faoi Chlár de chuid SaorCAE nó ar bhonn neamhspleách, ceanglófar ar gach Ráthóir Ráthaíocht neamhinchúlghairthe neamhchoinníollach a eisiúint i bhfoirm a bheidh le ceadú ag na Ráthóirí chun críche an Chomhaontaithe seo agus de mhéid atá comhionann le toradh na nithe seo a leanas, eadhon (a) an céatadán a leagtar amach taobh le hainm gach Ráthóra sa tríú colún (an “**Treoir Ranníoca**”) in Iarscríbhinn 2 (de réir mar a dhéantar an céatadán sin a choigeartú ó am go ham de réir théarmaí an Chomhaontaithe seo agus/nó mar léiriú ar aon Bhallstát de chuid an limistéir euro nár sholáthair a Dhaingniúchán Tiomantais go fóill le linn na tréimhse forfheidhmithe de bhun Airteagal 1 agus arna chur in iúl ag SaorCAE do na Ráthóirí) (an “**Céatadán Coigeartaithe Treorach Ranníoca**”), (b) 120%, agus (c) oibleagáidí SaorCAE (i leith príomhshuime, úis nó méideanna eile a bheidh dlite) i

leith na nIonstraimí Maoinithe arna n-eisiúint nó arna ndéanamh ag SaorCAE ar bhonn neamhspleách nó faoi Chlár de chuid SaorCAE. Má eisíonn SaorCAE Ionstraimí Maoinithe faoi Chlár de chuid SaorCAE, eiseoidh gach Ráthóir a Ráthaíocht chun na hIonstraimí Maoinithe go léir arna n-eisiúint nó arna ndéanamh de bhun an Chláir iomchuí de chuid SaorCAE a ráthú. Daingneofar leis na hÁbhair Thairisceana nó leis an doiciméadacht chonarthach le haghaidh gach Ionstraim Maoinithe a eiseofar nó a ndéanfar conradh ina leith faoi Chlár de chuid SaorCAE cé na Ráthóirí ag a bhfuil Ráthaíochtaí lena gcumhdaítear na hIonstraimí Maoinithe iomchuí nó eisiúint nó sraith na nIonstraimí sin. Féadfaidh SaorCAE freisin a iarraidh ar na Ráthóirí Ráthaíochtaí a eisiúint faoin gComhaontú seo chun críoch eile a bhfuil dlúthcheangal acu le hIonstraimí Maoinithe a eisiúint agus lena n-éascaítear rátáil ardcháilíochta le haghaidh Ionstraimí Maoinithe a eiseoidh SaorCAE agus cistiú éifeachtach ag SaorCAE a bhaint amach agus a chothabháil. Is trí bhreith d'aon toil ó na Ráthóirí a thabharfar an bhreith Ráthaíochtaí a eisiúint chun na gcríoch eile sin i dtaca le Clár de chuid SaorCAE nó le hIonstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh ar bhonn neamhspleách. Ní cheanglófar ar aon Ráthóir Ráthaíochtaí a eisiúint a d'fhágfadh go mbeadh sé faoi Risíocht Ráthaíochta ba mhó ná a thiomantas ráthaíochta comhiomlán (an "**Tiomantas Ráthaíochta**" atá aige) a leagtar amach taobh lena ainm in Iarscríbhinn 1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá "**Risíocht Ráthaíochta**" Ráthóra comhionann le comhiomlán na méideanna seo a leanas, eadhon (i) an méid Ráthaíochtaí a d'eisigh sé ach atá gan tarraingt agus (ii) an méid a d'íoc sé agus nár aisíocadh leis faoi Ráthaíochtaí a d'eisigh sé faoin gComhaontú seo. Dá réir sin, má éagann Ráthaíocht atá gan íoc agus gan tarraingt nó má aisíoctar méid a tarraingíodh faoi Ráthaíocht, laghdófar Risíocht Ráthaíochta Ráthóra agus athshlánófar a acmhainn chun Ráthaíochtaí a eisiúint faoin gComhaontú seo.

- (4) (a) Rathófar leis na Ráthaíochtaí ar bhonn neamhinchúlghairthe neamhchoinníollach go ndéanfar íocaíochtaí sceidealta úis agus príomhshuime atá dlite ar Ionstraimí Maoinithe arna n-eisiúint ag SaorCAE a íoc go cuí. I gcás Clár de chuid SaorCAE, eiseoidh na Ráthóirí Ráthaíochtaí lena ráthófar gach sraith d'Ionstraimí Maoinithe a eiseofar ó am go ham faoin gClár iomchuí de chuid SaorCAE. Daingneofar leis na hÁbhair Thairisceana agus/nó leis an doiciméadacht chonarthach a bhaineann le gach sraith cé na Ráthaíochtaí lena gcumhdaítear an tsraith sin, go háirithe más rud é gur tháinig Ráthóir faoin gClár iomchuí de chuid SaorCAE chun bheith ina Ráthóir Aschéimneach dá éis sin agus nach ráthaíonn sé eisiúintí nó sraitheanna breise a thuilleadh faoin gClár sin de chuid SaorCAE.
- (b) Féadfar na Ráthaíochtaí a eisiúint chuig iontaobhaí bannaí nó ionadaí eile de chuid sealbhóirí bannaí nó creidiúnaithe ("**Ionadaí Nóta-Shealbhóirí**") a bheidh i dteideal iméilimh a dhéanamh faoi na Ráthaíochtaí thar ceann sealbhóirí Ionstraimí Maoinithe agus éilimh sealbhóirí Ionstraimí Maoinithe a fhorfheidhmiú chun bainistiú iméileamh ar na Ráthaíochtaí a éascú. Comhaontóidh SaorCAE téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe na nIonstraimí Maoinithe go léir a eiseofar agus na Ráthaíochtaí a bhaineann leo, faoi réir cheadú na Ráthóirí, agus beidh siad de réir mar a

thuirisceofar sna hÁbhair Thairisceana (mar a mhínítear iad in Airteagal 4(1) agus is infheidhme maidir leo) is iomchuí agus sa doiciméadacht chonarthaigh is infheidhme.

- (5) Ní cheanglófar ar Ráthóir Ráthaíocht a eisiúint de réir an Chomhaontaithe seo ach amháin más rud é:
- (a) go n-eiseofar í i leith Ionstraimí Maoinithe arna n-eisiúint nó arna ndéanamh faoi Chlár de chuid SaorCAE nó ar bhonn neamhspleách agus go gcisteofar leis na hIonstraimí Maoinithe sin Iasacht(aí) a thabhairt arna ceadú nó arna gceadú de réir théarmaí an Chomhaontaithe seo agus Airteagail Chomhlachais SaorCAE nó go n-eiseofar í chun cibé críche eile a bhfuil dlúthcheangal aici léi agus a cheadaítear faoi Airteagal 2(3);
 - (b) go n-eiseofar an Ráthaíocht chun an maoiniú faoi Chomhaontuithe Saoráide Iasachta arna ndéanamh an 30 Meitheamh 2013 nó roimhe a éascú (lena n-áirítear maoiniú Iasachtaí arna dtabhairt de bhun Comhaontaithe Saoráide Iasachta láithrigh tar éis an dáta sin agus aon eisiúint ghaolmhar ar bhannaí nó fiach-urrúis atá gaolmhar leis an gcéanna) agus go n-eiseofar an Ráthaíocht in aon chás an 30 Meitheamh 2013 nó roimhe;
 - (c) go mbeidh an Ráthaíocht san fhoirm arna ceadú ag Ballstáit an limistéir euro chun críche an Chomhaontaithe seo agus an Chláir de chuid SaorCAE;
 - (d) gur le haghaidh uasmhéid atá de réir théarmaí Airteagal 2(3) dliteanas an Ráthóra faoin Ráthaíocht sin; agus
 - (e) go n-ainmneofar í san euro nó i cibé airgeadra eile a cheadóidh na Ráthóirí chun críche an Chomhaontaithe seo.
- (6) Tá Tiomantas Ráthaíochta gach Ráthóra chun Ráthaíochtaí a sholáthar neamhinchúlghairthe agus daingean agus ina cheangal. Ceanglófar ar gach Ráthóir, faoi réir théarmaí an Chomhaontaithe seo, Ráthaíochtaí a eisiúint suas leis an Tiomantas Ráthaíochta atá aige le haghaidh na méideanna atá le cinneadh ag SaorCAE, agus ar na dátaí a shonróidh SaorCAE chun go n-éascófar Ionstraimí Maoinithe faoin gClár iomchuí de chuid SaorCAE nó Ionstraim Maoinithe neamhspleách a eisiúint nó a dhéanamh i ngach cás de réir straitéis maoinithe SaorCAE.
- (7) I gcás go mbainfidh deacrachtaí airgeadais do Bhallstát de chuid an limistéir euro de chineál go ndéanfaidh sé iméileamh le haghaidh iasachta tacaíochta cobhsaíochta ar SaorCAE, féadfaidh sé a iarraidh ar na Ráthóirí eile, trí fhógra i scríbhinn mar aon le faisnéis tacaíochta atá chun sástacht na Ráthóirí eile (mar aon le cóip chuig an gCoimisiún agus chuig Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro), glacadh leis nach mbeidh an Ráthóir atá i gceist páirteach i Ráthaíocht a eisiúint i leith aon eisiúint eile fiachais ag SaorCAE. Tá breith Bhallstáit an limistéir euro i ndáil le hiarraidh den sórt sin le tabhairt, ar a dhéanaí, an tráth a thabharfaidh siad breith maidir le haon Chomhaontuithe Saoráide Iasachta breise a dhéanamh nó Iasachtaí breise a thabhairt.

- (8) Déanfar táille seirbhíse réamhíochta (an “**Táille Seirbhíse**”), a ríomhfar mar 50 bonnphointe ar phríomhshuim chomhiomlán gach Iasachta, a mhuirearú ar gach Iasachtaí agus a asbhaint as an méid airgid atá le cur ar aghaidh chuig an Iasachtaí i leith gach Iasachta den sórt sin. Ina theannta sin, déanfar an glanluach reatha (arna ríomh ar bhonn ráta toraidh inmheánach na nIonstraimí Maoinithe lena maoinítear Iasacht den sórt sin (nó cibé ráta toraidh inmheánach cumaiscthe eile a mheastar is cuí i gcás Straitéise Maoinithe Éagsúlaithe), an “**Ráta Lascaine**”) ar an gCorrlach réamh-mheasta a d’fhabhródh ar gach Iasacht go dtí an dáta aibíochta sceidealta a asbhaint as an méid airgid atá le cur ar aghaidh chuig an Iasachtaí i leith Iasachta den sórt sin. Déanfar an Táille Seirbhíse agus glanluach láithreach an Chorríochta réamh-mheasta, i dteannta cibé méideanna eile a chinnfidh SaorCAE a choinneáil mar mhaolán breise airgid, a asbhaint as an méid airgid a chuirfear ar aghaidh chuig an Iasachtaí i leith gach Iasachta (ionas go bhfaighidh an Iasachtaí an glanmhéid (an “**Glanmhéid Eisioca**”) ar an dáta eisioca (an “**Dáta Eisioca**”)) ach ní laghdófar leis sin príomhshuim na hIasachta sin a dhlitear den Iasachtaí a aisíoc agus a bhfabhraíonn ús uirthi faoin Iasacht iomchuí. Déanfar na méideanna coinnithe sin a choinneáil chun cúlchiste airgid a sholáthar a úsáidfear mar bhreisiú creidmheasa agus thairis sin mar a thuairiscítear in Airteagal 5 thíos. Beidh ar áireamh sa “**Chúlchiste Airgid**” na méideanna coinnithe sin i dteannta an ioncaim agus na n-infheistíochtaí go léir a thuilltear trí na méideanna sin a infheistiú. Déanfar an Cúlchiste Airgid a infheistiú de réir treoirlínte infheistíochta arna gceadú ag bord stiúrthóirí SaorCAE.
- (9) Más rud é, tar éis na hIasachtaí go léir a tugadh faoi Chomhaontuithe Saoráide Iasachta agus na nIonstraimí Maoinithe go léir a d’eisigh nó a rinne SaorCAE a aisíoc, go bhfanfaidh méideanna sa Chúlchiste Airgid (lena n-áirítear méideanna in ionannas úis nó ioncaim infheistíochta a tuilleadh tríd an gCúlchiste Airgid a infheistiú), íocfar na méideanna sin leis na Ráthóirí mar chomaoin i leith a Rátháíochtaí a eisiúint. Cothabhálfadh SaorCAE cuntais mhórleabhair agus taifid eile ar mhéideanna na Táille Seirbhíse agus an Chorríochta réamh-mheasta arna gcoinneáil i leith gach Comhaontaithe Saoráide Iasachta agus ar mhéid na Rátháíochtaí go léir a d’eisigh gach Ráthóir de bhun an Chomhaontaithe seo. Tabharfar deis do SaorCAE leis na cuntais mhórleabhair agus na taifid sin an chomaoin a bheidh dlite do gach Ráthóir i leith na Rátháíochtaí a eisíodh faoin gComhaontú seo a ríomh agus beidh an chomaoin sin iníochta ar bhonn cionmhaireachta *pro rata* le gach Ráthóir faoi threoir a pháirteachais sna Rátháíochtaí go léir a eisíodh faoin gComhaontú seo.
- (10) Ní fhéadfaidh Ballstáit de chuid an limistéir euro is Iasachtaithe ionchasacha Comhaontuithe Saoráide Iasachta a iarraidh agus a dhéanamh ach amháin sa tréimhse dar tosach an dáta a thagann an Comhaontú seo i bhfeidhm agus dar críoch an 30 Meitheamh 2013 (ar choinníoll go bhféadfar Iasachtaí a eisíoc tar éis an dáta sin faoi Chomhaontuithe Saoráide Iasachta a rinneadh roimh an dáta sin).
- (11) Tar éis an Comhaontú seo a fhorghníomhú, comhaontóidh na Páirtithe (i) ar fhoirm na Rátháíochtaí, (ii) ar fhoirm na gComhaontuithe Saoráide Iasachta, (iii) ar fhoirm na doiciméadachta le haghaidh na nIonstraimí Maoinithe, (iv) ar fhoirm na socrúithe i leith Ionadaithe Nóta-Shealbhóirí a

cheapadh, (v) ar fhoirm na gcomhaontuithe déileálaí agus suibscríofa le haghaidh Ionstraimí Maoinithe agus (vi) ar fhoirm aon chomhaontuithe gníomhaireachta nó seirbhíse le BEI nó le haon ghníomhaireacht, foras, institiúid nó duine eile.

3. EISIÓCAÍ IASACHTA A ULLMHÚ AGUS A ÚDARÚ

- (1) Roimh gach eisíoc ar Iasacht faoi Chomhaontú Saoráide Iasachta, déanfaidh an Coimisiún, i gcuibhreann le BCE, tuarascáil a thíolacadh do Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro ina ndéanfar anailís ar chomhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha, arna leagan amach san MT agus sa Chinneadh ón gComhairle (más ann), a bhaineann leis ag an Iasachtaí iomchuí. Déanfaidh na Ráthóirí an comhlíonadh sin a mheas agus tabharfaidh siad breith d'aon toil i dtaobh an gceadófar an Iasacht iomchuí a eisíoc. Scaoilfear an chéad Iasacht a chuirfear ar fáil d'Iasachtaí faoi Chomhaontú Saoráide Iasachta tar éis shíniú tosaigh an MT iomchuí agus ní bheidh sí ina hábhar do thuarascáil den sórt sin.
- (2) Tar éis iarraidh ar chistí ("**Iarraidh ar Chistí**") ó Iasachtaí a chomhlíonann téarmaí an Chomhaontaithe Saoráide Iasachta iomchuí agus a iarrann Iasacht faoi, déanfaidh na Ráthóirí (seachas i leith na Chéad Iasachta) tuarascáil an Choimisiúin maidir le comhlíonadh an MT agus an Chinnidh iomchuí ón gComhairle (más ann) ag an Iasachtaí a mheas. Má mheasann na Ráthóirí, ag gníomhú d'aon toil dóibh, gur chomhlíon an tIasachtaí na coinníollacha a ghabhann le híostarraingt faoin gComhaontú Saoráide Iasachta agus má tá siad sásta leis an gcaoi ar chomhlíon an tIasachtaí téarmaí agus coinníollacha an MT, ansin iarrfaidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro i scríbhinn ar SaorCAE togra a dhéanamh maidir le téarmaí mionsonraithe na hIasachta a mholfadh sí a thabhairt don Iasachtaí laistigh de pharaiméadair an Chomhaontaithe Saoráide Iasachta agus an MT, agus inmharthanacht fiachais agus staid an mhargaidh maidir le heisiúint bannaí á gcur i gcuntas. Sonrófar i dtogra SaorCAE an méid a údaraítear do SaorCAE a chur ar fáil ar mhodh Iasachta faoin gComhaontú Saoráide Iasachta agus cé na téarmaí ar a gcuirfear ar fáil é, lena n-áirítear téarmaí maidir le méid na hIasachta, an Glanmhéid Eisíoca, an téarma, an sceideal fuascailte agus an ráta úis (lena n-áirítear an Corrlach) i ndáil leis an Iasacht sin. Má ghlacann Gasra Oibre an Ghrúpa Euro leis an togra sin, iarrfaidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro ar SaorCAE fógra glactha ("**Fógra Glactha**") ina ndaingneofar téarmaí na hIasachta a chur chuig an Iasachtaí.
- (3) Déanfaidh SaorCAE, tar éis Comhaontú Saoráide Iasachta a shíniú ar a dhéanaí, tús a chur leis an bpróiseas chun Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh faoi chlár nó cláir de chuid SaorCAE nó ar shlí eile agus, a mhéid is gá, iarrfaidh sí ar na Ráthóirí Rátháíochtaí a eisiúint de réir Airteagal 2 (thuas) ionas go mbeidh cistí leordhóthanacha ag SaorCAE nuair atá gá leo chun eisíocaí a dhéanamh faoin Iasacht iomchuí.
- (4) Más infheidhme, agus roimh aon Fhógra Glactha a sheachadadh, cuirfidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro in iúl don Choimisiún agus do SaorCAE cibé acu a thug nó nár thug aon Ráthóir fógra dó á rá go bhfuil feidhm ag na himthosca a thuairiscítear in Airteagal 2(7) maidir leis agus cuirfidh sé nó sí an bhreith ó Bhallstáit an limistéir euro i ndáil leis an méid sin in iúl dóibh. Cuirfidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa

Euro na breitheanna ó na Ráthóirí in iúl do SaorCAE, don Choimisiún agus do Bhallstáit an limistéir euro tríocha (30) Lá Gnó ar a laghad roimh an dáta a eiseofar nó a dhéanfar aon Ionstraimí Maoinithe gaolmhara.

- (5) Ar an Dáta Eisíoca iomchuí, cuirfidh SaorCAE an Iasacht iomchuí ar fáil don Iasachtaí tríd an nGlanmhéid Eisíoca a chur ar fáil trí na cuntais de chuid SaorCAE agus an Iasachtaí iomchuí arna n-oscailt chun críche an Chomhaontaithe Saoráide Iasachta le BCE.

4. IONSTRAIMÍ MAOINITHE A EISIÚINT NÓ A DHÉANAMH

- (1) I gcomhlíonadh a straitéise maoinithe, féadfaidh SaorCAE Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh lena mbainfear tairbhe as na Ráthaíochtaí ar bhonn neamhspleách nó bunóidh sí Clár nó Cláir de chuid SaorCAE chun Ionstraimí Maoinithe a eisiúint lena mbainfear tairbhe as na Ráthaíochtaí lena gceisteofar Iasachtaí a thabhairt de réir théarmaí an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh SaorCAE réamheolaire bunaidh a bhunú (an “Réamheolaire Bunaidh”) le haghaidh gach Cláir de chuid SaorCAE agus déanfar gach eisiúint aonair ar Ionstraimí Maoinithe de bhun téarmaí críochnaitheacha (“Téarmaí Críochnaitheacha”) ina leagfar amach téarmaí airgeadais mionsonraithe gach eisiúna. De rogha air sin, féadfaidh SaorCAE meabhráin faisnéise a bhunú (na “Meabhráin Faisnéise”) chun Ionstraimí Maoinithe a eisiúint (nár réamheolairí iad chun críocha na Treorach Réamheolaire darb uimhir 2003/71/CE). Gairfear “Ábhair Thairisceana” d’aon Réamheolaire Bunaidh, Téarmaí Críochnaitheacha, réamheolaire, Meabhrán Faisnéise nó ábhair ghaolmhara a bhaineann le hIonstraimí Maoinithe a shuíomh nó sindeacáit a dhéanamh ina leith. Chomh maith leis sin, déanfaidh sí doiciméadacht chonarthach iomchuí maidir le hIonstraimí Maoinithe den sórt sin.
- (2) Ceapfaidh SaorCAE téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha le haghaidh na nIonstraimí Maoinithe a eiseoidh nó a dhéanfaidh SaorCAE. Féadfaidh forálacha a bheith iontu chun go ndéanfaidh SaorCAE, má mheasann sí go mbeidh easnamh ann roimh dháta íoca sceidealta, nó go ndéanfaidh an tIonadaí Nóta-Shealbhóirí iomchuí (má mhainnigh SaorCAE íocaíocht sceidealta úis nó príomhshuime faoi Ionstraim Maoinithe a dhéanamh nuair a bhí sí dlite) Ráthaíochtaí a ghairm. Soiléireofar leis na téarmaí agus na coinníollacha caighdeánacha nach ndéanfar aon luathú ar Ionstraimí Maoinithe i gcás go ndéanfar an Iasacht nó na hIasachtaí a chistítear leis na hIonstraimí Maoinithe sin a luathú nó a réamhíoc ar cibé cúis.
- (3) I dtaca le struchtúrú agus caibidil Ionstraimí Maoinithe ar bhonn neamhspleách nó faoi chlár nó cláir de chuid SaorCAE, féadfaidh SaorCAE:
- (a) baine shocrúcháin, bainisteoirí cinn agus príomh-fhrithgheallaithe a cheapadh agus idirchaidreamh agus caibidlíocht a dhéanamh leo;
 - (b) gníomhaireachtaí rátála agus comhairleoirí gníomhaireachta rátála a cheapadh agus idirchaidreamh agus caibidlíocht a dhéanamh leo agus cibé sonraí agus doiciméadacht a sholáthar dóibh agus cibé cuir i láthair a dhéanamh is gá chun rátálacha riachtanacha a fháil;

- (c) gníomhairí íoca, gníomhairí liostála, Ionadaí Nóta-Shealbhóirí, dlíodóirí agus comhairleoirí gairmiúla eile a cheapadh agus idirchaidreamh agus caibidlíocht a dhéanamh leo;
 - (d) taiscithe comhchoiteanna agus córais imréitigh chomhchoiteanna ar nós Euroclear agus/nó Clearstream a cheapadh agus idirchaidreamh agus caibidlíocht a dhéanamh leo chun socraíocht a dhéanamh i leith Ionstraimí Maoinithe;
 - (e) freastal ar chuir i láthair agus ar sheónna bóthair d'infheisteoirí chun cuidiú Ionstraimí Maoinithe a shuíomh nó sindeacáit a dhéanamh ina leith de bhun an Chláir nó na gClár de chuid SaorCAE;
 - (f) an doiciméadacht dlí go léir a bhaineann leis na hIonstraimí Maoinithe agus le haon Chlár nó Cláir de chuid SaorCAE a chaibidil, a fhorghníomhú agus a shíniú; agus
 - (g) cibé nithe eile a dhéanamh i gcoitinne is gá chun an Clár nó na Cláir de chuid SaorCAE a struchtúru agus a chur i ngníomh go rathúil agus chun Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh.
- (4) Déanfaidh SaorCAE, faoi réir dhálaí an mhargaidh agus théarmaí an Airteagail seo 4, Iasachtaí a chistiú trí Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh ar bhonn cistiú comhfhreagrach ionas go mbeidh an phróifíl airgeadais chéanna go bunúsach ag na hIonstraimí Maoinithe lena maoinítear Iasacht maidir le méid, tráth eisiúna, airgeadra, próifíl aisíoca, aibíocht chríochnaitheach agus bonn úis, ar choinníoll go mbeidh na dátaí íoca sceidealta le haghaidh Iasachtaí ann, a mhéid is féidir é, ceithre Lá Gnó dhéag (14 Lá Gnó) roimh na dátaí íoca sceidealta faoi na hIonstraimí Maoinithe gaolmhara, chun próiseáil íocaíochtaí a cheadú.
- (5) Más rud é, mar gheall ar dhálaí an mhargaidh nó líon na nIonstraimí Maoinithe a bheidh le heisiúint nó le déanamh ag SaorCAE faoi Chlár nó Cláir de chuid SaorCAE, nach indéanta nó nach féidir Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh go hiomlán ar bhonn cistiú comhfhreagrach, féadfaidh SaorCAE a iarraidh ar na Ráthóirí solúbthacht áirithe a cheadú do SaorCAE maidir le cistiú ionas nach mbeidh comhfhreagracht idir a cistiú agus na hIasachtaí a thabharfaidh sí, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas, eadhon (a) airgeadra Ionstraimí Maoinithe, (b) uainiú chun Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh, (c) boinn rátaí úis agus/nó (d) aibíocht agus próifíl aisíoca na nIonstraimí Maoinithe a bheidh le heisiúint nó le déanamh (lena n-áirítear go bhféadfaí ionstraimí fiachais ghearrthearmaigh, páipéar tráchtála nó socrúithe airgeadais eile a eisiúint agus Ráthaíochtaí mar thaca leo) agus (e) go bhféadfaí Iasachtaí a réamhchistiú faoi Chomhaontú Saoráide Iasachta láithreach. Féadfaidh na Ráthóirí, ag gníomhú d'aon toil dóibh, a cheadú do SaorCAE a bheith solúbtha go feadh méid áirithe maidir le cistiú agus sonrúidh siad cé na paraiméadair agus na teorainneacha a bhféadfaidh SaorCAE straitéis maoinithe neamh-chomhfhreagraigh (“**Straitéis Maoinithe Éagsúlaithe**”) a ghlacadh laistigh díobh.

- (6) De bhrí gur ghá, faoi Straitéis Maoinithe Éagsúlaithe, priacail chlaohlaithe agus bhoinn a bhainistiú, féadfaidh SaorCAE, i gcás go ndéanfar Straitéis Maoinithe Éagsúlaithe a údarú i ndáil léi, bainistiú na ngníomhaíochtaí maoinithe sin, gníomhaíochtaí gaolmhara bainistithe sócmhainní agus dliteanas agus tabhairt chun críche aon ionstraimí gaolmhara fálaíthe neamh-chomhfhreagraigh airgeadra, ráta úis nó aibíochta a tharmligean chuig gníomhaireacht bainistithe fiachais amháin nó níos mó de chuid Bhallstáit an limistéir euro nó chuig cibé gníomhaireachtaí nó forais nó institiúidí eile a cheadóidh na Ráthóirí d'aon toil agus beidh siad i dteideal cúiteamh a fháil de réir ráta tráchtála neamhthuilleamaí as na seirbhísí sin a sholáthar agus costas oibriúcháin do SaorCAE a bheidh sa luach saothair sin.

5. BREISIÚ CREIDMHEASA, LEACHTAÍOCHT AGUS CISTEÁN

- (1) Beidh na gnéithe seo a leanas ar áireamh sa bhreisiú creidmheasa le haghaidh an Chláir de chuid SaorCAE:
- (a) na Ráthaíochtaí agus, go háirithe, go mbeidh gach Ráthóir páirteach in eisiúint Ráthaíochtaí ar bhonn an Chéatadáin Choigeartaithe Treorach Ranníoca agus gurb ionann an Ráthaíocht a eiseoidh gach Ráthóir agus 120% dá Chéatadán Choigeartaithe Treorach Ranníoca de mhéideanna na nIonstraimí Maoinithe iomchuí;
 - (b) go ngníomhóidh an Cúlchiste Airgid mar mhaolán airgid. Déanfar an Cúlchiste Airgid, go dtí go n-úsáidfear é, a infheistiú in ionstraimí ardcháilíochta fiachais leachtaigh. Ar na hIasachtaí go léir arna dtabhairt ag SaorCAE agus na hIonstraimí Maoinithe go léir arna n-eisiúint ag SaorCAE a aisíoc, úsáidfear iarmhéid an Chúlchiste Airgid sa chéad áit chun aon mhéideanna a d'íoc Ráthóirí agus nár aisíocadh as gnóthuithe ó na hIasachtaithe foluiteacha iomchuí a aisíoc agus, sa dara háit, íocfar leis na Ráthóirí é mar chomhaoin i leith Ráthaíochtaí a d'eisigh siad faoin gComhaontú seo mar a thuairiscítear in Airteagal 2(9); agus
 - (c) cibé sásraí breisithe creidmheasa eile a cheadófar faoin Airteagal seo 5.
- (2) I gcás moill nó mainneachtain ag Iasachtaí íocaíocht faoi Iasacht a íoc agus dá réir sin i gcás go mbeidh easnamh sna cistí a bheidh ar fáil faoi chomhair íocaíochta sceidealta úis nó príomhshuime faoi Ionstraim Maoinithe arna heisiúint ag SaorCAE, ansin:
- (a) sa chéad áit, déanfaidh SaorCAE iméileamh ar bhonn *pro rata pari passu* ar na Ráthóirí a rinne an Ionstraim Maoinithe sin a ráthú suas le 120% dá gCéatadán Choigeartaithe Treorach Ranníoca faoi seach den mhéid atá dlite ach gan íoc;
 - (b) sa dara háit, mura gcumhdaítear an t-easnamh go hiomlán leis na bearta a dhéantar in Airteagal 5(2)(a), déanfaidh SaorCAE méid a scaoileadh as an gCúlchiste Airgid chun an t-easnamh sin a chumhdach; agus
 - (c) sa tríú háit, déanfaidh SaorCAE cibé bearta eile a bheidh ar fáil i gcás gur ceadaíodh sásraí breisithe creidmheasa eile faoi Airteagal 5(3).

- (3) Féadfaidh Ballstáit an limistéir euro, le breith d'aon toil, cibé sásraí breisithe creidmheasa eile is cuí leo a cheadú agus a ghlacadh nó, de réir mar a bheidh, na sásraí breisithe creidmheasa láithreacha a mhodhnú d'fhonn acmhainneacht creidmheasa na nIonstraimí Maoinithe arna n-eisiúint nó arna gconrú ag SaorCAE a fheabhsú nó a chothabháil nó d'fhonn éifeachtúlacht maoinithe SaorCAE a fheabhsú. D'fhéadfadh go mbeidh ar áireamh ar bhearta breisithe creidmheasa eile den sórt sin, i measc teicnící eile, iasachtaí tánaisteacha, socrúithe stórasaíthe, línte leachtaíochta nó saoráidí cúltaca a sholáthar do SaorCAE nó SaorCAE d'eisiúint nótaí tánaisteacha.
- (4) Más rud é gur mhainnigh Ráthóir íocaíocht a dhéanamh atá dlite agus infóicta i leith Ráthaíochta agus, dá dhroim sin, go ndéanfaidh SaorCAE aistarraingt as an gCúlchiste Airgid chun an t-easnamh a chumhdach de bhun Airteagal 5(2)(b), ansin aisíocfaidh an Ráthóir sin an méid sin le SaorCAE ar an gcéad iméileamh i scríbhinn maille le hús ar an méid sin de réir ráta atá comhionann le haon mhí amháin RTIBE móide 500 bonnphointe ón dáta a dhéanfar an méid a aistarraingt as an gCúlchiste Airgid go dtí an dáta a aisíocfaidh an Ráthóir sin an méid sin le SaorCAE maille leis an ús fabhráithe sin. Déanfaidh SaorCAE méideanna aisíochta den sórt sin (agus an t-ús a bheidh fabhráithe orthu) a úsáid chun an Cúlchiste Airgid a athshlánú.
- (5) D'fhonn infhaighteacht leachtaíochta leordhóthanai le haghaidh riachtanais maoinithe SaorCAE a éascú:
 - (a) cinnteoidh gach Ballstát de chuid an limistéir euro go mbeidh SaorCAE incháilithe chun teorainn cuntrapháirtí a fháil le haghaidh oibríochtaí bainistithe airgid na n-oibríochtaí bainistithe fiachais atá ag gníomhaireacht bainistithe fiachais an Bhallstáit sin de chuid an limistéir euro; agus
 - (b) comhoibreoidh gach Ballstát de chuid an limistéir euro chun cuidiú le SaorCAE a chinntiú go gcomhlíonann a cuid Ionstraimí Maoinithe na critéir infheidhme chun go mbeidh siad cáilithe mar chomhthaobhacht in oibríochtaí Eurochórais.
- (6) D'fhonn aon chostais iompair dhiúltaigh a íoslaghdú i gcás aon Straitéise Maoinithe Éagsúlaithe, beidh SaorCAE i dteideal taiscí nó suímh eile a dhéanamh lena ndéanfar, de réir na straitéise infheistíochta arna comhaontú ag bord stiúthóirí SaorCAE, an riosca go mbeidh cistiú neamh-chomhfhreagrach nó costais iompair dhiúltaigh ann a íoslaghdú.

6. ÉILIMH FAOI RÁTHAÍOCHT

- (1) Más rud é go dtagann SaorCAE ar an eolas nach bhfuair sí íocaíocht sceidealta faoi Iasacht ina hiomláine agus go mbeidh an t-easnamh sin ina chúis le heasnamh sna cistí a bheidh ar fáil chun íocaíocht sceidealta príomhshuime nó úis a dhéanamh faoi Ionstraimí Maoinithe arna n-eisiúint ag SaorCAE nó chun íocaíocht sceidealta a dhéanamh atá dlite de SaorCAE faoi aon ionstraim nó comhaontú eile lena mbaintear tairbhe as Ráthaíocht arna heisiúint faoin gComhaontú seo, déanfaidh sí fógra i scríbhinn faoin méid sin a thabhairt láithreach do Chathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro, don Choimisiún agus do gach Ráthóir, agus déanfaidh sí a sciar den easnamh faoi

théarmaí an Chomhaontaithe seo agus na Ráthaíochta iomchuí a chur in iúl do gach Ráthóir agus déanfaidh sí iméileamh i scríbhinn ar gach Ráthóir a sciar den easnamh sin a chur ar aghaidh chuig SaorCAE ar an dáta (“**Dáta Íoctha na Ráthaíochta**”) a bheidh ann dhá (2) Lá Gnó ar a laghad roimh an dáta sceidealta chun na méideanna iomchuí a íoc ag SaorCAE (“**Iméileamh Ráthaíochta ó SaorCAE**”).

- (2) Déanfaidh gach Ráthóir a sciar den mhéid a dhéantar a iméileamh san Iméileamh Ráthaíochta ó SaorCAE arna dhírú chuige ag SaorCAE a chur ar aghaidh chuig SaorCAE (nó, má shonraítear amhlaidh sa doiciméadacht iomchuí, chuig gníomhaire íoca na hIonstraime Maoinithe iomchuí) i gcistí imréitithe ar Dháta Íoctha na Ráthaíochta.
- (3) I gcás go mainneoidh SaorCAE íocaíocht sceidealta úis nó íocaíocht sceidealta príomhshuime a íoc ar dháta a bheidh an méid sin dlíte agus iníoctha faoi Ionstraim Maoinithe arna heisiúint ag SaorCAE, ansin beidh an tIonadaí Nóta-Shealbhóirí iomchuí i dteideal iméileamh i scríbhinn a dhéanamh (“**Iméileamh Ráthaíochta Ionadaí Nóta-Shealbhóirí**”) ar na Ráthóirí (mar aon le cóip chuig SaorCAE) an méid neamhíoctha den íocaíocht sceidealta úis sin agus/nó den íocaíocht sceidealta príomhshuime sin a íoc. Ar an gcuma chéanna, i gcás mainneachtain ag SaorCAE íocaíocht sceidealta a íoc faoi aon ionstraim nó comhaontú eile arna déanamh nó arna dhéanamh idir SaorCAE agus cuntrapháirtí (“**Cuntrapháirtí**”) lena mbaintear tairbhe as Ráthaíocht a eisíodh faoin gComhaontú seo (ar Ráthaíocht í a eisíodh chun críche a bhfuil dlúthcheangal aici le heisiúint Ionstraimí Maoinithe de bhun Airteagal 2(3)), beidh an Cuntrapháirtí iomchuí i dteideal iméileamh i scríbhinn a dhéanamh (“**Iméileamh Ráthaíochta Cuntrapháirtí**”) ar na Ráthóirí (mar aon le cóip chuig SaorCAE) an méid neamhíoctha den íocaíocht sceidealta sin a íoc. I gcás go bhfaighidh na Ráthóirí agus SaorCAE Iméileamh Ráthaíochta Ionadaí Nóta-Shealbhóirí nó Iméileamh Ráthaíochta Cuntrapháirtí, déanfaidh gach Ráthóir, de réir théarmaí a Ráthaíochta, a sciar den mhéid a ndéanfar iméileamh go cuí ina leith san Iméileamh Ráthaíochta Ionadaí Nóta-Shealbhóirí sin nó, de réir mar a bheidh, san Iméileamh Ráthaíochta Cuntrapháirtí sin, a chur ar aghaidh i gcistí imréitithe. Leagfar amach sa doiciméadacht maidir le heisiúint Ionstraimí Maoinithe agus na Ráthaíochtaí gaolmhara na meicnic íoca mhionsonraithe chun íocaíochtaí faoi na Ráthaíochtaí a chomhordú.
- (4) I gcás easnamh fáltas faoi Iasacht a bheith ina chúis le hIméileamh Ráthaíochta ó SaorCAE agus le hIméileamh Ráthaíochta Ionadaí Nóta-Shealbhóirí (nó le hIméileamh Ráthaíochta Cuntrapháirtí) araon, ní dhlífidh na Ráthóirí iomchuí ach aon íocaíocht amháin a dhéanamh faoina Ráthaíochtaí faoi seach, gan áireamh dúbailte.
- (5) Admhaíonn agus comhaontaíonn na Páirtithe go mbeidh gach Ráthóir i dteideal íocaíocht a dhéanamh i leith aon Iméilimh Ráthaíochta ó SaorCAE, i leith aon Iméilimh Ráthaíochta Ionadaí Nóta-Shealbhóirí nó i leith aon Iméilimh Ráthaíochta Cuntrapháirtí ar dealraitheach ar a dhreach go bhfuil sé bailí gan dul i gcomhairle le SaorCAE ná le haon Pháirtí eile nó gan aon imscrúdú nó fiosrú eile. Údaraíonn SaorCAE go neamh-inchúlghairthe do gach Ráthóir aon Iméileamh Ráthaíochta a chomhlíonadh.

- (6) Admhaíonn agus comhaontaíonn SaorCAE agus gach Páirtí de na Páirtithe eile:
- (i) nach bhfuil sé d'oibleagáid ar gach Ráthóir aon imscrúdú a dhéanamh ná aon daingniú a lorg sula n-íocann sé éileamh;
 - (ii) nach mbaineann na nithe seo a leanas le gach Ráthóir:
 - (1) dlíthiúlacht éilimh nó aon idirbhirt fholutigh nó aon fhritháirimh, cosanta nó frithéilimh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil d'aon duine;
 - (2) aon leasú ar aon doiciméad foluiteach; nó
 - (3) aon doiciméad nó urrús a bheith neamh-infhorfheidhmithe, neamhdhlíthiúil nó neamhbhailí.
- (7) Dlífidh SaorCAE aisíoc a dhéanamh le gach Ráthóir i leith aon éilimh a íocfar i leith Ráthaíochta agus slánóidh sí gach Ráthóir i leith aon chaillteanais nó dlíteanais a thabhoídh Ráthóir i leith Ráthaíochta. Tá oibleagáid aisíoca SaorCAE faoi réir mhéid na gcistí a gheofar iarbhair ó na hÍasachtaithe foluiteacha i leith na nÍasachtaí a bhí ina gcúis le heasnamh cistí agus tá sí teoranta don mhéid sin.
- (8) I dteannta oibleagáid aisíoca SaorCAE faoi Airteagal 6(5), má dhéanann Ráthóir íocaíocht faoina Ráthaíocht, déanfaidh SaorCAE méid de chearta agus de leasanna SaorCAE faoin Íasacht iomchuí a fhreagraíonn don easnamh sna híocaíochtaí a rinne an Íasachtaí agus don íocaíocht ghaolmhar a rinne an Ráthóir faoin Ráthaíocht a shannadh don Ráthóir iomchuí agus a aistriú chuige. Fanfaidh SaorCAE ina seirbhíseoir ar cibé cion den Íasacht a sannadh don Ráthóir iomchuí agus a aistríodh chuige chun bainistiú comhordaithe na hÍasachta agus mar a phléifear le gach Ráthóir ar bhonn *pari passu* a éascú.
- (9) Beidh na Ráthóirí go léir ar chéim chothrom *pari passu* le chéile, go háirithe i leith aisíoc méideanna a d'íoc siad faoina Ráthaíochtaí ar choinníoll, má tá suimeanna dlíte de Ráthóir do SaorCAE de bhun Airteagal 5(4) nó do na Ráthóirí eile de bhun Airteagal 7(1), go ndéanfar suimeanna arna ngnóthú ó Íasachtaithe foluiteacha agus a bheadh dlíte de SaorCAE don Ráthóir sin murach sin a úsáid chun an méid a bheidh dlíte faoi 5(4) a aisíoc nó chun an méid a bheidh dlíte do Ráthóirí eile faoi Airteagal 7(1) a íoc i dtosaíocht ar iad a úsáid chun aisíoc a dhéanamh leis an Ráthóir sin.

7. RANNÍOC IDIR RÁTHÓIRÍ

- (1) (a) Má fhreastalaíonn Ráthóir d'éilimh nó d'iméilimh i leith aon Ráthaíochta a d'eisigh sé nó má thabhaíonn sé costais, cailteanais, caiteachais nó dlíteanais i dtaca leis an Ráthaíocht sin (“**Dlíteanais Ráthaíochta**”), agus más mó méid comhiomlán na nDlíteanas Ráthaíochta a dhéanann nó a thabhaíonn sé ná a Chionmhaireacht Riachtanach le haghaidh na Ráthaíochta áirithe, ansin beidh sé i dteideal a shlánaithe agus i dteideal ranníoc a fháil, ar an gcéad iméileamh i scríbhinn, ó na Ráthóirí eile i leith na nDlíteanas Ráthaíochta sin ionas nach n-íompróidh gach Ráthóir faoi dheoidh ach a Chionmhaireacht Riachtanach de chomhiomlán na nDlíteanas Ráthaíochta sin, ar choinníoll, mura laghdófar comhiomlán Dlíteanas Ráthaíochta aon Ráthóra i leith

aon Rátháíochta go dtí a Chionmhaireacht Riachtanach laistigh de thrí (3) Lá Gnó, go ndéanfaidh na Ráthóirí eile (seachas Ráthóirí Aschéimneacha) an Ráthóir sin a shlánú i leith méid ionas go ndéanfar an barrachas os cionn na Cionmhaireachta Riachtanaí a leithroinnt ar gach Ráthóir de na Ráthóirí (seachas Ráthóirí Aschéimneacha) ar bhonn *pro rata*. Tá “**an Chionmhaireacht Riachtanach**” comhionann leis an gCéatadán Coigeartaithe Treorach Ranníoca is infheidhme maidir leis an Rátháíocht iomchuí. Maidir le haon íocaíocht slánaíochta nó ranníoca ó Ráthóir amháin le Ráthóir eile faoin Airteagal seo 7, béarfaidh sí ús de réir ráta atá comhionann le haon mhí amháin RTIBE móide 500 bonnphointe, ar ús é a fhabhróidh ón dáta a dhéantar iméileamh ar an íocaíocht sin go dtí an dáta a fhaigheann an Ráthóir sin an íocaíocht sin.

- (b) Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha an Airteagail seo 7 má eisíonn Ballstát de chuid an limistéir euro aon Rátháíochtaí de réir Céatadán Choigeartaithe Treorach Ranníoca is mó ná an céatadán sin den sórt sin ab infheidhme maidir leis a luaithe a bhfaighfí 100% d'Iomlán na dTiomantas Rátháíochta, ar choinníoll go bhfolóidh an téarma “Ráthóir” aon Bhallstát de chuid an limistéir euro nár sholáthair a Dhaingniúchán Tiomantais sula ndéanann SaorCAE an Ionstraim Maoinithe iomchuí a eisiúint nó a dhéanamh.
- (2) Is oibleagáidí leanúnacha a bhaineann le hiarmhéid deiridh suimeanna a bheidh dlite iad oibleagáidí gach Ráthóra ranníocaí nó íocaíochtaí slánaíochta a dhéanamh faoin Airteagal seo gan aird ar aon íocaíocht idirmheánach iomlán nó pháirteach nó urscaoileadh iomlán nó páirteach.
- (3) Ní dhéanfar difear d'oibleagáidí slánaíochta agus ranníoca aon Ráthóra faoin Airteagal seo mar gheall ar aon ghníomh, neamhghníomh, ní nó rud lena ndéanfaí, murach an tAirteagal seo, aon oibleagáid dá chuid oibleagáidí faoin Airteagal seo (gan teorainn agus cibé acu is eol nó nach eol iad dó féin nó d'aon duine eile) a laghdú nó a scaoileadh, nó dochar a dhéanamh dóibh, agus áirítear ar na hoibleagáidí sin:
- (i) aon tréimhse ama, tarscaoileadh nó toiliú a deonaíodh d'aon duine, nó aon imshocraíocht le haon duine;
 - (ii) aon duine a scaoileadh faoi théarmaí aon imshocraíochta nó comhshocraíochta;
 - (iii) aon chearta i gcoinne aon duine nó aon urrús thar shócmhainní aon duine a ghlacadh, a athrú, a chomhréiteach, a mhalartú, a athnuachan nó a scaoileadh, nó diúltú nó faillí an céanna a chomhlánú, a thógáil nó a fhorfheidhmiú; nó aon fhoirmiúlacht nó ceanglas eile i leith aon ionstraime a fhágáil gan tabhairt isteach nó gan urramú nó aon mhainneachtain luach iomlán aon urrúis a réadú;
 - (iv) aon éagumas nó easpa cumhachta, údaráis nó pearsantachta dlíthiúla de chuid aon duine nó díscaoileadh aon duine nó athrú ar chomhaltaí nó stádas aon duine;
 - (v) aon leasú (dá bhunúsáí é) nó ionadú ar aon Chomhaontú Saoráide Iasachta, Iasacht nó aon doiciméad nó urrús;

(vi) aon oibleagáid de chuid aon duine faoi aon doiciméad nó urrús a bheith neamh-infheidhmithe, neamhdhlíthiúil nó neamhbhailí; nó

(vii) aon imeachtaí dócmhainneachta nó imeachtaí den tsamhail chéanna.

8. NA RÁTHAÍOCHTAÍ A RÍOMH AGUS A CHOIGEARTÚ

(1) Comhaontaíonn na Páirtithe go bhféadfaidh SaorCAE BEI (nó cibé gníomhaireacht eile, foras eile, institiúid eile, institiúid eile de chuid AE nó foras airgeadais eile a cheadóidh na Ráthóirí d'aon toil) a cheapadh chun na ríomhaireachtaí a dhéanamh chun críocha an Chomhaontaithe seo, chun críocha gach Comhaontaithe Saoráide Iasachta, chun SaorCAE a mhaoiniú trí Ionstraimí Maoinithe a eisiúint nó a dhéanamh (nó ar shlí eile) agus chun críocha na Ráthaíochtaí. Má ghlacann BEI (nó cibé gníomhaireacht eile, foras eile, institiúid eile, institiúid eile de chuid AE nó foras airgeadais eile den sórt sin) leis an gceapachán sin, ríomhfaidh sé an ráta úis i leith gach Iasachta de réir théarmaí an Chomhaontaithe Saoráide Iasachta iomchuí, ríomhfaidh sé na méideanna is iníoctha ar gach dáta íoctha úis agus tabharfaidh sé fógra don Iasachtaí iomchuí agus do SaorCAE maidir leis sin agus déanfaidh sé cibé ríomhaireachtaí eile agus tabharfaidh sé cibé fógraí eile is gá chun críocha an Chomhaontaithe seo, na Ráthaíochtaí agus na nIonstraimí Maoinithe.

(2) I gcás go mbainfidh deacrachtaí géara airgeadais do Ráthóir agus go n-iarrfaidh sé iasacht tacaíochta cobhsaíochta nó go mbainfidh sé tairbhe as tacaíocht airgeadais faoi chlár den tsamhail chéanna, féadfaidh sé (an “**Ráthóir Aschéimneach**”) a iarraidh ar na Ráthóirí eile a thiomantas chun Ráthaíochtaí eile a sholáthar faoin gComhaontú seo a fhionraí. Féadfaidh na Ráthóirí eile, ag gníomhú dóibh d'aon toil agus ag teacht le chéile dóibh trí Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro, breith a thabhairt glacadh le hiarraidh den sórt sin agus, sa chás sin, ní cheanglófar ar an Ráthóir Aschéimneach a Ráthaíocht a eisiúint i leith SaorCAE d'eisiúint nó do dhéanamh aon Ionstraimí Maoinithe eile agus is iad na Ráthóirí eile a eiseoidh aon Ráthaíochtaí eile a bheidh le heisiúint faoin gComhaontú seo agus déanfar an Céatadán Coigeartaithe Treorach Ranníoca i leith eisiúint Ráthaíochtaí eile a choigeartú dá réir sin. Ní dhéanfar difear le coigeartuithe den sórt sin do dhliteanas an Ráthóra Aschéimnigh faoi Ráthaíochtaí láithreacha. Admhaítear agus comhaontaítear go meastar gur Ráthóir Aschéimneach an Phoblacht Heilléanach le héifeacht ó theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo.

9. SÁRÚ AR OIBLEAGÁIDÍ FAOI CHOMHAONTÚ SAORÁIDE IASACHTA AGUS LEASUITHE AGUS/NÓ TARSCAOILTÍ

(1) Má thagann SaorCAE ar an eolas faoi shárú ar oibleagáid faoi Chomhaontú Saoráide Iasachta, cuirfidh sí an méid sin in iúl go pras do na Ráthóirí (trí Chathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro), don Choimisiún agus do BCE agus déanfaidh sí moladh i dtaobh conas freagairt dó. Comhordóidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro seasamh na Ráthóirí agus cuirfidh sé nó sí an bhreith a tugadh in iúl do SaorCAE, don Choimisiún agus do BCE. Cuirfidh SaorCAE bhreith i bhfeidhm dá éis sin de réir an Chomhaontaithe Saoráide Iasachta iomchuí.

- (2) Má thagann SaorCAE ar an eolas faoi chás ina bhféadfadh gur ghá leasuithe, athstruchtúráil agus/nó tarscaoiltí maidir le haon Iasacht a tugadh faoi Chomhaontú Saoráide Iasachta, cuirfidh sí an méid sin in iúl do na Ráthóirí trí Chathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro, don Choimisiún agus do BCE agus déanfaidh sí moladh i dtaobh conas freagairt don mhéid sin. Comhordóidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro seasamh na Ráthóirí agus cuirfidh sé nó sí an bhreith a tugadh in iúl do SaorCAE, don Choimisiún agus do BCE. Cuirfidh SaorCAE an bhreith i bhfeidhm dá éis sin agus, tar éis treoracha a fháil ó na Ráthóirí, déanfaidh sí leasú comhfhreagrach, athstruchtúráil nó tarscaoileadh nó comhaontú iasachta nua leis an Iasachtaí iomchuí, nó aon socrú eile is gá, a chaibidil agus a shíniú.
- (3) I gcásanna seachas na cásanna sin dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus 9(2), má thagann SaorCAE ar an eolas faoi chás inar gá do na Ráthóirí tuairim a thabhairt nó gníomh a dhéanamh i ndáil le Comhaontú Saoráide Iasachta, cuirfidh sí an méid sin in iúl do na Ráthóirí trí Chathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro, agus déanfaidh sí moladh i dtaobh conas freagairt don mhéid sin. Comhordóidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro seasamh na Ráthóirí agus cuirfidh sé nó sí an bhreith a tugadh in iúl do SaorCAE, don Choimisiún agus do BCE. Cuirfidh SaorCAE an bhreith a tugadh i bhfeidhm dá éis sin i cibé foirm is gá.
- (4) I gcás go dtoileoidh Ballstáit an limistéir euro le haon MT a rinneadh le hIasachtaí a mhodhnú, beidh an Coimisiún údaraithe chun an leasú nó na leasuithe ar an MT sin a shíniú thar ceann Bhallstáit an limistéir euro.

10. SaorCAE, BREITHEANNA IDIR RÁTHÓIRÍ, STIÚRTHÓIRÍ AGUS RIALACHAS

- (1) Beidh bord stiúrthóirí ag SaorCAE arb ionann an líon stiúrthóirí a bheidh air agus an líon Scairshealbhóirí de chuid SaorCAE. Beidh gach Scairshealbhóir de chuid SaorCAE i dteideal duine amháin a mholadh lena ainmniú nó lena hainmniú chun gníomhú mar stiúrthóir ar SaorCAE agus geallann Scairshealbhóirí eile SaorCAE go neamhinchúlghairthe leis seo go n-úsáidfí siad a vótaí mar scairshealbhóirí de chuid SaorCAE ag na cruinnithe ginearálta iomchuí chun an duine a mholfaidh an Ballstát sin de chuid an limistéir euro a cheadú mar stiúrthóir. Úsáidfí siad a vótaí mar Scairshealbhóirí de chuid SaorCAE chomh maith céanna chun duine a chur as oifig mar stiúrthóir ar SaorCAE má iarrann an Ballstát de chuid an limistéir euro a mhol an stiúrthóir sin lena ainmniú nó lena hainmniú orthu déanamh amhlaidh.
- (2) Molfaidh gach Scairshealbhóir de chuid SaorCAE a ionadaí ar Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro ó am go ham (nó malartach an duine sin mar ionadaí ar an ngasra sin) lena ainmniú nó lena hainmniú chuig bord stiúrthóirí SaorCAE. Beidh an Coimisiún agus BCE araon i dteideal breathnadóir a cheapadh agus féadfaidh breathnadóir den sórt sin páirt a ghlacadh i gcrúinnithe an bhoird stiúrthóirí agus tuairimí an Choimisiúin nó BCE a chur i láthair, gan cumhacht vótála a bheith aige nó aici, áfach. Féadfaidh an bord stiúrthóirí a cheadú d'institiúidí eile den Aontas Eorpach breathnadóirí den sórt sin a cheapadh.

- (3) I gcás folúntais i measc chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí, cinnteoidh gach Ballstát de chuid an limistéir euro go gceadóidh an comhalta den Bhord a ainmníodh ar mholadh an Bhallstáit sin, mar stiúrthóir ionaid, an duine a mhol an Ballstát iomchuí de chuid an limistéir euro, nach bhfuil stiúrthóir aige arna ainmniú nó arna hainmniú ar mholadh uaidh, lena ainmniú nó lena hainmniú.
- (4) Admhaíonn agus comhaontaíonn Ballstáit an limistéir euro, i gcás vótáil ag bord stiúrthóirí SaorCAE, go mbeidh ag gach stiúrthóir a moladh lena ainmniú nó lena hainmniú ag Ballstát de chuid an limistéir euro líon ualaithe den líon iomlán vótaí agus go bhfreagróidh an líon ualaithe sin don líon scaireanna a shealbhaíonn an Ballstát de chuid an limistéir euro a d'ainmnigh é nó í i scairchaipiteal eisithe SaorCAE.
- (5) Comhaontaíonn na Ráthóirí gur gá go ndéanfaidh siad na nithe seo a leanas a fhearann ar a ról agus a ndliteanais mar Ráthóirí a cheadú d'aon toil:
 - (a) breitheanna i ndáil le Comhaontú Saoráide Iasachta a dheonú do Bhallstát de chuid an limistéir euro lena n-áirítear an MT iomchuí agus an Comhaontú Saoráide Iasachta a cheadú;
 - (b) breitheanna maidir le hIasachtaí a eisíoc faoi Chomhaontú Saoráide Iasachta láithreach agus go háirithe breitheanna i dtaobh an bhfuil critéir coinníollachta chun eisíoc a dhéanamh comhlíonta ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún;
 - (c) aon mhodhnú ar an gComhaontú seo lena n-áirítear modhnú ar an tréimhse infhaighteachta maidir le Comhaontuithe Saoráide Iasachta a dheonú;
 - (d) aon mhodhnú ar na téarmaí seo a leanas d'aon Chomhaontú Saoráide Iasachta: príomhshuíomh chomhiomlán Comhaontaithe Saoráide Iasachta, tréimhse infhaighteachta, próifíl aisíoca nó ráta úis aon Iasachta atá gan aisíoc;
 - (e) téarmaí an Chláir de chuid SaorCAE, méid an chláir, agus aon Ábhair Thairisceana a cheadú;
 - (f) aon bhreith cead a thabhairt do Ráthóir láithreach scor de ráthaíochtaí breise a eisiúint;
 - (g) athruithe suntasacha ar an struchtúr breisithe creidmheasa;
 - (h) straitéis maoinithe gach Cláir de chuid SaorCAE agus aon bhreith cead a thabhairt i leith Straitéise Maoinithe Éagsúlaithe (lena n-áirítear an modh ar a leithroinneann SaorCAE a costais oibríochta agus costais maoinithe Ionstraimí Maoinithe ar Iasachtaí agus ar Chomhaontuithe Saoráide Iasachta má ghlactar Straitéis Maoinithe Éagsúlaithe); nó
 - (i) aon mhéadú ar mhéid comhiomlán na Ráthaíochtaí a d'fhéadfaí a eisiúint faoin gComhaontú seo.

Chun críocha an Airteagail seo 10(5) agus aon fhorála eile den Chomhaontú seo lena gceanglaítear go dtabharfaidh na Ráthóirí breith d'aon toil, ciallaíonn d'aon toil vóta diúltach nó dearfach ó na Ráthóirí sin go léir a bheidh i láthair agus a bheidh páirteach (trí vóta dearfach nó diúltach a chaitheamh) sa bhreith iomchuí (gan aird a thabhairt ar aon staonadh nó asláithreach) ar choinníoll, maidir le haon Ráthóir nach n-eisíonn Ráthaíochtaí nua a thuilleadh (go sonrach, na Ráthóirí Aschéimneacha), nach mbeidh sé i dteideal vóta a chaitheamh ar aon bhreith Comhaontú Saoráide Iasachta nua, Iasacht nua nó eisíúint nua Ionstraimí Maoinithe a dhéanamh nach mbeidh á ráthú aige ar choinníoll go leanfaidh sé den cheart a bheidh aige vóta a chaitheamh ar bhreitheanna i ndáil le hIasachtaí nó Ionstraimí Maoinithe ar eisigh sé Ráthaíocht ina leith ar Ráthaíocht í a bheidh gan aisíoc. Is réamhchoinníoll é maidir le bailíocht aon vótála den sórt sin go mbeidh i láthair ag an gruinniú córam arb é atá ann tromlach na Ráthóirí atá in ann vóta a chaitheamh ar Ráthóirí iad arb ionann a dTiomantais Ráthaíochta agus 2/3 ar a laghad d'Iomlán na dTiomantas Ráthaithe.

- (6) Comhaontaíonn na Ráthóirí, maidir leis na nithe go léir nach bhforchoimeádfar le haghaidh breithe d'aon toil ó na Ráthóirí de bhun Airteagal 10(5) (thuas) nó le haghaidh breithe d'aon toil ó Bhallstáit an limistéir euro de bhun Airteagal 10(7) (thíos) agus, go háirithe, maidir leis na nithe seo a leanas a fhearann ar a róil agus a ndliteanais mar Ráthóirí, gur trí thromlach Ráthóirí a thabharfar breith ina leith (gan na Ráthóirí Aschéimneacha a áireamh, áfach) ar Ráthóirí iad (i) arb ionann a dTiomantais Ráthaíochta agus 2/3 d'Iomlán na dTiomantas Ráthaíochta (sa chás nár eisíodh aon Ráthaíochtaí) nó (ii) má eisíodh Ráthaíochtaí, 2/3 d'aghaidhmhéid uasta comhiomlán na Ráthaíochtaí a eisíodh agus atá gan aisíoc ar choinníoll, le linn ríomh a dhéanamh i dtaobh ar baineadh an tairseach sin amach, nach gcuirfear i gcuntas aghaidhmhéid Ráthaíochtaí ó Ráthóir ar Féichiúnaí Aschéimnithe é nó a mhainnigh íocaíocht a dhéanamh faoi Ráthaíocht (“**Tromlach 2/3**”):
- (a) na breitheanna go léir i ndáil le Comhaontuithe Saoráide Iasachta nó Iasachtaí láithreacha nach bhforchoimeádfar go sonrach le haghaidh breithe d'aon toil de bhun Airteagal 10(5), lena n-áirítear breitheanna maidir le sárúithe, tarscaoiltí agus athstruchtúruithe, agus breitheanna i dtaobh an ndearbhófar mainneachtainí i ndáil le Comhaontuithe Saoráide Iasachta nó Iasachtaí;
 - (b) eisíúintí faoi Chlár láithreach de chuid SaorCAE (ar clár é a cheadaigh na Ráthóirí d'aon toil);
 - (c) nithe a bhaineann le hoibríochtaí i ndáil le heisiúint fiachais (lena n-áirítear socraitheoirí, bainisteoirí cinn, gníomhairí rátála, iontaobhaithe etc. a cheapadh);
 - (d) cur i ngníomh mionsonraithe Straitéise Maoinithe Éagsúlaithe ceadaithe;
 - (e) cur i ngníomh mionsonraithe aon bhreithe creidmheasa eile a cheadófar de bhun Airteagal 10(5).

Beidh feidhm maidir le vótálacha ar bhreitheanna a thagann faoi réim an Airteagail seo 10(6) ag an gcoinníoll a ghabhann le hAirteagal 10(5) agus a bhaineann le Ballstáit de chuid an limistéir euro nach n-eisíonn Ráthaíochtaí nua a thuilleadh agus/nó ar Ráthóirí Aschéimneacha iad.

- (7) Beidh breith d'aon toil ó Bhallstáit uile an limistéir euro ag teastáil le haghaidh na nithe corparáideacha seo a leanas i ndáil le SaorCAE:
- méaduithe ar scairchaipiteal údaraithe agus/nó ar scairchaipiteal eisithe agus íoctha;
 - méadú ar leibhéal na dtiomantas go ndéanfar suibscríobh le haghaidh scairchaipitil;
 - laghduithe ar scairchaipiteal;
 - díbhinní;
 - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SaorCAE a fhostú;
 - cuntais a cheadú;
 - ré cuideachta a fhadú;
 - leachtú;
 - athruithe ar na hAirteagail Chomhlachais;
 - aon ní eile nach ndéileáiltear go sonrach leis sna hAirteagail Chomhlachais ná sa Chomhaontú seo.
- (8) Is iad na Ráthóirí nó Ballstáit an limistéir euro (de réir mar a bheidh) a thabharfaidh na breitheanna a fhearfaidh ar na Ráthóirí agus ar SaorCAE agus a shamhlaítear le hAirteagail 10(5), (6) agus (7) ag cruinnithe laistigh de chreat an Ghrúpa Euro agus féadfar an chinnteoireacht a tharmligean chuig Gasra Oibre an Ghrúpa Euro. Déanfaidh Cathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro a gcuid breitheanna go léir a chur in iúl i scríbhinn do SaorCAE. Le haghaidh cinnteoireachta den sórt sin, tá ionchur ag an gCoimisiún maidir le nithe a bhaineann, go háirithe, leis an MT agus le téarmaí agus coinníollacha na gComhaontuithe Saoráide Iasachta agus le saincheisteanna beartais eile. Beidh ionchur ag SaorCAE a bhainfidh, go háirithe, leis na Comhaontuithe Saoráide Iasachta a chur i ngníomh, le hIonstraimí Airgeadais a eisiúint nó a dhéanamh agus lena gnóthaí corparáideacha i gcoitinne.
- (9) Geallann gach Ballstát de chuid an limistéir euro leis seo do Bhallstáit eile an limistéir euro go gcaithfidh sé a vóta mar scairshealbhóir de chuid SaorCAE i gcomhréir leis na breitheanna a thugann an tromlach is gá de na Ráthóirí nó de Bhallstáit an limistéir euro (de réir mar a bheidh) laistigh de chreat na geruinnithe sin de chuid an Ghrúpa Euro agus go gcinnteoidh sé go ngníomhóidh an stiúrthóir a mhol sé lena ainmniú nó lena hainmniú chuig bord SaorCAE i gcomhréir leis na breitheanna sin.
- (10) Aon bhreitheanna ó Bhallstáit an limistéir euro aon MT a cheadú a bhaineann le Comhaontú Saoráide Iasachta agus le hIasachtaí agus maidir le haon mhodhnú beartaithe ar MT, tabharfaidh siad iad ag gníomhú dóibh d'aon toil.
- (11) Féadfaidh Ballstáit de chuid an limistéir euro, a mhéid is incheadaithe é faoina ndlíthe náisiúnta, slánaíochtaí a sholáthar do na daoine a mholfaidh siad lena n-ainmniú mar stiúrthóirí ar SaorCAE.

- (12) Má chomhaontaíonn Ballstáit an limistéir euro d'aon toil caipiteal íochta eisithe SaorCAE a mhéadú, déanfaidh gach Ballstát de chuid an limistéir euro céatadán den mhéadú sin ar chaipiteal íochta atá combhionann lena chéatadán Treorach Ranníoca den mhéadú sin ar chaipiteal íochta a shuibscríobh agus a íoc go hiomlán ar an dáta a shonróidh SaorCAE nó roimhe.
- (13) Tabharfar breith a luaithe is indéanta le réasún agus is gá i leith nithe arna dtarchur le haghaidh breitheanna ó Bhallstáit an limistéir euro nó ó Ráthóirí faoin gComhaontú seo. In am trátha, féadfar treoirínte oibríochta a ghlacadh ina bhféadfar amlínte a leagan amach chun breitheanna a thabhairt i ndáil leis an gComhaontú seo.

11. TÉARMA AGUS LEACHTÚ SaorCAE

- (1) Leanfaidh an Comhaontú seo de lánfheidhm a bheith aige agus de lánéifeacht a bheith leis fad a bheidh méideanna gan aisíoc faoi aon Chomhaontuithe Saoráide Iasachta nó Ionstraimí Maoinithe arna n-eisiúint ag SaorCAE faoi Chlár de chuid SaorCAE nó faoi aon mhéideanna aisíocaíochta a bheidh dlite do Ráthóirí.
- (2) Geallann Ballstáit an limistéir euro go ndéanfaidh siad SaorCAE a leachtú de réir a hAirteagal Comhlachais ar an dáta is luaithe tar éis an 30 Meitheamh 2013 nach mbeidh Iasachtaí fós gan aisíoc le Ballstát de chuid an limistéir euro agus a bheidh na hIonstraimí Maoinithe go léir arna n-eisiúint ag SaorCAE agus aon mhéideanna aisíocaíochta a bheidh dlite do Ráthóirí aisíochta go hiomlán.
- (3) I gcás go mbeidh aon dliteanais iarmharacha ag SaorCAE ar í a leachtú, tabharfaidh Ballstáit an limistéir euro breith ag cruinniú críochnaitheach scairshealbhóirí cén bonn ar a bhféadfar na dliteanais sin a roinnt i measc Bhallstáit an limistéir euro.
- (4) I gcás go mbeidh barrachas ann ar SaorCAE a leachtú, déanfar é a dháileadh ar a scairshealbhóirí ar bhonn *pro rata* arna ríomh faoi threoir a bpáirteachais i scairchaipiteal SaorCAE.

Sula gcinnefar an bhfuil barrachas den sórt sin ann:

- (a) íocfar iarmhéid sochair an Chúlchiste Airgid leis na Ráthóirí mar a thuairiscítear in Airteagal 2(9); agus
- (b) aon bhrabús oibríochta nó barrachas a gheobhaidh SaorCAE mar thoradh ar Ionstraimí Maoinithe arna ráthú ag na Ráthóirí a eisiúint aici, déanfar é a íoc mar luach saothair breise leis na Ráthóirí faoi threoir a gCéatadán Coigeartaithe Treorach Ranníoca faoi seach.

12. BEI, BCE A CHEAPADH, EISFHOINSIÚ AGUS TARMLIGEAN

- (1) Féadfaidh SaorCAE BEI (nó cibé gníomhaireachtaí eile, foras eile, institiúid eile, institiúid eile de chuid AE nó foras airgeadais eile nó cibé daoine eile a cheadóidh Ballstáit an limistéir euro d'aon toil) a cheapadh chun na gcríoch seo a leanas:
- (a) bainistiú a dhéanamh ar chistí a fháil ó infheisteoirí tar éis bannaí nó urrúis a eisiúint faoi Chlár de chuid SaorCAE,

bainistiú a dhéanamh ar tharchur na gcistí sin chuig Iasachtaithe i bhfoirm Iasachtaí agus ar chistí a fháil ó Iasachtaithe agus ar úsáid na gcistí sin chun íocaíochtaí sceidealta príomhshuime agus úis a íoc faoi na bannaí agus na fiach-urrúis agus, tar éis íocaíochtaí a dhéanamh faoi Rátháíocht, bainistiú a dhéanamh ar chistí a fuarthas ó Iasachtaithe agus ar mhéideanna aisíocaíochta a dháileadh ar na Ráthóirí;

- (b) bainistiú gaolmhar a dhéanamh ar chisteán SaorCAE lena n-áirítear, go háirithe, an Cúlchiste Airgid agus aon chistí a fuarthas trí aisíoc luath nó réamhaisíoc Iasachtaí go dtí go n-úsáidfear na cistí sin chun Ionstraimí Maoinithe a aisíoc;
- (c) cibé tascanna gaolmhara eile a bhaineann le bainistiú airgid agus cisteáin a tharmligfear ó am go ham;
- (d) seirbhísí dlí, seirbhísí cuntasáíochta, seirbhísí acmhainní daonna, bainistiú saoráidí, seirbhísí fála, iniúchadh inmheánach agus cibé seirbhísí eile ar gá eisfhoinisíú agus/nó tacaíocht loighisticíúil ina leith a sholáthar.

Féadfar na ceapacháin sin a dhéanamh de bhun Conartha Seirbhíse idir SaorCAE agus BEI (nó an ghníomhaireacht, an foras nó an institiúid iomchuí).

- (2) Féadfaidh SaorCAE conradh a dhéanamh le BCE chun go ngníomhóidh sé mar gníomhaire íoca di. Féadfaidh SaorCAE BCE (nó gníomhaireacht eile, foras eile, institiúid eile, institiúid eile de chuid AE nó foras airgeadais eile nó daoine eile a cheadóidh na Ráthóirí d'aon toil) a cheapadh chun a cuntais bainc agus a cuntais urrús a chothabháil.
- (3) I gcás Straitéis Maoinithe Éagsúlaithe a ghlacadh agus faoi réir ceadú d'aon toil ó na Ráthóirí (seachas Ráthóirí Aschéimneacha), beidh SaorCAE i dteideal, agus féadfaidh sí, feidhmeanna bainistithe sócmhainní agus dlíteanas agus na gníomhaíochtaí agus na feidhmeanna eile a thuairiscítear in Airteagal 4(6) a tharmligean chuig gníomhaireacht bainistithe fiachais amháin nó níos mó de chuid Ballstáit de chuid an limistéir euro nó chuig cibé gníomhaireachtaí eile, forais eile, institiúidí eile, institiúidí eile de chuid AE nó forais airgeadais eile a cheadóidh na Ráthóirí d'aon toil.
- (4) Beidh SaorCAE i dteideal cibé feidhmeanna eile is dóigh lena bord stiúirthóirí is inmhianaithe chun a feidhmeanna a chomhall go héifeachtach a tharmligean agus/nó a eisfhoinisíú ar théarmaí tráchtála neamhthuilleamaí chuig aon ghníomhaireacht eile, foras eile, institiúid eile, institiúid eile de chuid AE, foras airgeadais nó aon daoine eile.

13. FORÁLACHA RIARACHÁIN

- (1) Déanfaidh SaorCAE costais oibríochta agus costais as-póca SaorCAE a íoc as a hioncam agus a hacmhainní ginearálta. Féadfar sonrasc i leith táillí agus caiteachas a bhaineann go díreach le cistiú a athchur chuig na hIasachtaithe iomchuí (de réir mar is cuí).
- (2) Ar SaorCAE a chorprú, gabhfaidh sí freagracht iomlán uirthi féin as na costais agus na caiteachais go léir a tabhaíodh le linn í a

bhunú agus a chorprú. Ina theannta sin, gabhfaidh sí uirthi féin na dliteanais agus na hoibleagáidí go léir (lena n-áirítear oibleagáidí slánaíochta) faoi chonarthaí agus socruithe a rinneadh thar a ceann agus chun tairbhe di (cibé acu ag scairshealbhóir nó ag tríú páirtí) sular corpraíodh í.

- (3) Tabharfaidh SaorCAE tuarascáil ar bhonn ráithiúil do Bhallstáit an limistéir euro agus don Choimisiún maidir leis na héilimh agus na dliteanais a bheidh gan íoc faoi na Comhaontuithe Saoráide Iasachta, faoi eisiúintí Ionstraimí Maoinithe de chuid SaorCAE agus faoi na Ráthaíochtaí.
- (4) Tabharfaidh SaorCAE tuarascáil do na Ráthóirí agus iarrfaidh sí treoracha ar Chathaoirleach Ghasra Oibre an Ghrúpa Euro maidir le héilimh agus dliteanais neamhíochta nó maidir le haon saincheisteanna eile a eascróidh faoin gComhaontú seo nó i dtaca le haon Ráthaíocht.
- (5) Ní dhéanfaidh na Páirtithe aon cheann dá gcearta ná dá n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a shannadh ná a aistriú gan toiliú roimh ré i scríbhinn ó na Páirtithe eile go léir sa Chomhaontú seo.
- (6) (a) Comhaontaíonn Ballstáit an limistéir euro leis seo nach ceadmhach d'aon Scairshealbhóir de chuid SaorCAE na scaireanna a shealbhaíonn na Ballstáit sin in SaorCAE a aistriú le linn tréimhse 10 (deich) mbliana ón dáta a fuair an Scairshealbhóir iomchuí de chuid SaorCAE na scaireanna ach amháin le toiliú d'aon toil ó Scairshealbhóirí uile SaorCAE. Níl feidhm ag an srian sin (i) maidir leis an aistriú tosaigh a dhéanann an scairshealbhóir bunaitheach aonair (más ann) chuig Ballstáit eile an limistéir euro ná (ii) maidir le haistrithe comhréireacha a dhéanann gach Scairshealbhóir de chuid SaorCAE chuig aon Bhallstát nua de chuid an limistéir euro a ghlacann leis an Euro mar airgeadra tar éis an Chuideachta a chorprú.
- (b) Sa chás gur mian le Ballstát de chuid an limistéir euro a chuid scaireanna in SaorCAE a dhiúscairt tar éis dul in éag don tréimhse glasála in Airteagal 6.4 d'Airteagail Chomhlachais SaorCAE, tairgfídh sí na scaireanna sin lena gceannach ag scairshealbhóirí eile SaorCAE ar bhonn *pro rata* lena gcuid scairshealbhan in SaorCAE. Féadfar aon scaireanna nach gceannóidh scairshealbhóir dá dtairgfear iad a thairiscint d'aon Scairshealbhóir eile de chuid SaorCAE agus féadfaidh aon scairshealbhóir eile de chuid SaorCAE iad a fháil. Mura mian le haon Scairshealbhóir de chuid SaorCAE na scaireanna sin a cheannach an tráth sin féadfaidh SaorCAE, a mhéid a bheidh cistí ar fáil aici chun na críche sin, na scaireanna sin a fháil ar a margadhluach cothrom.
- (7) Sa chás go dtiocfaidh tír nua de bheith ina Ballstát de chuid an limistéir euro, tabharfaidh na Páirtithe sa Chomhaontú seo cead don Bhallstát nua sin de chuid an limistéir euro teacht chun bheith ina scairshealbhóir de chuid SaorCAE trí aistriú scaireanna a fháil ó scairshealbhóirí eile de chuid SaorCAE ionas go bhfreagróidh a chéatadán comhiomlán de shealbhan scaireanna in SaorCAE dá Threoir Ranníoca agus chun cloí le téarmaí an Chomhaontaithe seo. Déanfaidh na Páirtithe an bonn ar a n-aontóidh an Ballstát nua cloíteach sin de chuid an

limistéir euro don Chomhaontú seo a chaibidil de mheon macánta.

(8) Sa chás go gcorpróidh Ballstát amháin de chuid an limistéir euro SaorCAE, déanfaidh sé, ar an gComhaontú seo a fhorghníomhú agus ar theacht i bhfeidhm dó, scaireanna a aistriú go pras chuig Ballstáit eile an limistéir euro ionas go bhfreagróidh a gcéatadáin chomhiomlána de shealbháin scaireanna in SaorCAE faoi seach dá dTreoracha Ranníoca faoi seach.

(9) Maidir leis na téarmaí seo a leanas:

— ciallaíonn “**Lá Gnó**” lá ar a bhfuil Target 2 ar oscailt chun íocaíochtaí san Euro a ghlanadh.

— ciallaíonn “**Target 2**” an córas íoca Mearaistrithe Thras-Eorpaigh Uathoibrithe um Íoc Comhlán Fíor-Ama ina n-úsáidtear ardán aonair i gcomhpháirt agus a seoladh an 19 Samhain 2007.

14. CUMARSÁID

Measfar gach fógra i ndáil leis an gComhaontú seo a thabhairt go bailí más rud é go dtabharfar i scríbhinn é agus go gcuirfeadh é chuig na seoltaí agus de réir na mionsonraí teagmhála atá le leagan amach sna treoirlínte oibríochta a nglacfaidh na Páirtithe leo chun críche an Chomhaontaithe seo.

15. ILGHNÉITHEACH

(1) Dá mbeadh aon fhoráil amháin nó níos mó de na forálacha sa Chomhaontú seo, nó dá dtiocfadh an céanna chun bheith, neamhbhailí, neamhdhleathach nó neamh-infhorfheidhmithe, go hiomlán nó go páirteach, ar aon bhealach faoi aon dlí infheidhme, ní dhéanfar difear ná dochar do bhailíocht, dlíthiúlacht ná infhorfheidhmitheacht na bhforálacha eile sa Chomhaontú seo. Déanfar forálacha atá neamhbhailí, neamhdhleathach nó neamh-infhorfheidhmithe, go hiomlán nó go páirteach, a léiriú de réir mheon agus chuspóir an Chomhaontaithe seo agus a chur i bhfeidhm amhlaidh.

(2) Is cuid dhílis den Chomhaontú seo an Brollach a ghabhann leis an gComhaontú seo.

(3) Déanann gach Páirtí de na Páirtithe leis seo gach díolúine ó imeachtaí dlíthiúla i ndáil leis an gComhaontú seo a tharscaoileadh go neamhinchúlghairthe neamhchoinníollach, ar díolúine í a bhfuil sé ina teideal, nó a bhféadfadh sé teacht chun bheith ina teideal, ina leith féin nó i leith a shócmhainní nó a ioncain, lena n-áirítear, gan teorainn, díolúine ó agra, ó bhreithiúnas nó ó ordú eile, ó astú, ó ghabháil, ó choinneáil nó ó urghaire roimh bhreithiúnas, agus ó aon chineál forghníomhaithe agus forfheidhmithe ina choinne, nó i gcoinne a shócmhainní nó a ioncain tar éis breithiúnas a thabhairt a mhéid nach dtoirmiscear an méid sin leis an dlí sainordaitheach.

(4) Ní bheidh duine nach páirtí sa Chomhaontú seo i dteideal, faoin *Contracts (Rights of Third Parties) Act 1999*, aon téarma de chuid an Chomhaontaithe seo a fhorfheidhmiú ná tairbhe a bhaint as.

(5) Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a leasú i scríbhinn.

16. DLÍ AGUS DLÍNSE RIALAITHEACH

- (1) Déanfar an Comhaontú seo agus aon oibleagáidí neamhchonarthacha a eascróidh as nó i dtaca leis a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlí Shasana.
- (2) Déanfar aon díospóid a eascróidh as an gComhaontú seo nó i gcomhthéacs an Chomhaontaithe seo a réiteach go síochánta. De cheal comhaontú síochánta den sórt sin, comhaontaíonn Ballstáit an limistéir euro, a mhéid gur díospóid eatarthu féin amháin í, go gcuirfead í faoi bhráid dhlínse eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. A mhéid a bheidh díospóid ann idir Ballstát amháin nó níos mó de chuid an limistéir euro agus SaorCAE, comhaontaíonn na Páirtithe an díospóid a chur faoi bhráid dhlínse eisiach Chúirteanna Ard-Diúcacht Lucsamburg.

17. AN COMHAONTÚ A FHORGHNÍOMHÚ

Féadfar an Comhaontú seo a fhorghníomhú in aon líon contrapháirteanna arna síniú ag Páirtí amháin nó níos mó de na Páirtithe. Is cuid dhílis den Chomhaontú bunaidh gach contrapháirt agus beidh an éifeacht chéanna leis na contrapháirteanna a shíniú amháin is dá mbeadh na sínithe ar na contrapháirteanna ar aon chóip amháin den Chomhaontú.

Údaraítear do SaorCAE cóipeanna comhfhoirmithe den Chomhaontú seo a sholáthar do gach Páirtí de na Páirtithe.

18. IARSCRÍBHINNÍ

Beidh na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo ina gcuid dhílis de:

1. Liosta de na Ráthóirí mar aon lena dTiomantais Ráthaíochta faoi seach;
2. An Treoir Ranníoca; agus
3. Teimpléad le haghaidh Daingniúcháin Tiomantais.

IARSCRÍBHINN 1
LIOSTA DE NA BALLSTÁIT DE CHUID AN LIMISTÉIR
EURO IS RÁTHÓIRÍ MAR AON LENA dTIOMANTAIS
RÁTHAÍOCHTA FAOI SEACH

<u>An Tír</u>	<u>Tiomantais Ráthaíochta</u> <u>EUR (ina milliún)</u>
Ríocht na Beilge	15,292.18
Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	119,390.07
Éire	7,002.40
Ríocht na Spáinne	52,352.51
Poblacht na Fraince	89,657.45
Poblacht na hIodáile	78,784.72
Poblacht na Cípire	863.09
Ard-Diúcacht Lucsamburg	1,101.39
Poblacht Mhálta	398.44
Ríocht na hÍsiltíre	25,143.58
Poblacht na hOstaire	12,241.43
Poblacht na Portaingéile	11,035.38
Poblacht na Slóivéine	2,072.92
Poblacht na Slóvaice	4,371.54
Poblacht na Fionlainne	7,905.20
An Phoblacht Heilléanach	<u>12,387.70</u>
Iomlán na dTiomantas Ráthaíochta	440,000.00

IARSCRÍBHINN 2
AN TREOIR RANNÍOCA

<u>An Ballstát</u>	<u>Treoir Suibscríofa</u> <u>Caipítíl BCE %</u>	<u>An Treoir Ranníoca</u>
Ríocht na Beilge	2.4256	3,475494866853410%
Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	18.9373	27,134106588911300%
Éire	1.1107	1,591454546757130%
Ríocht na Spáinne	8.3040	11,898297070560200%
Poblacht na Fraince	14.2212	20,376693436879900%
Poblacht na hIodáile	12.4966	17,905618879089900%
Poblacht na Cipire	0.1369	0,196155692312101%
Ard-Diúcacht Lucsamburg	0.1747	0,250317015682425%
Poblacht Mhálta	0.0632	0,090555440132394%
Ríocht na hÍsiltíre	3.9882	5,714449467342010%
Poblacht na hOstaire	1.9417	2,782143957358700%
Poblacht na Portaingéile	1.7504	2,508041810249100%
Poblacht na Slóivéine	0.3288	0,471117542967267%
Poblacht na Slóvaice	0.6934	0,993530730819656%
Poblacht na Fionlainne	1.2539	1,796637126297610%
An Phoblacht Heilléanach	<u>1.9649</u>	<u>2,815385827787050%</u>
An tIomlán	67.8266	100,000000000000000%

**IARSCRÍBHINN 3
TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH DAINGNIÚCHÁIN
TIOMANTAIS**

[Ceannpháipéar Údaráis an Bhallstáit de chuid an limistéir euro]

Le facs agus leis an bpost cláraithe ina dhiaidh sin:

An tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach

[•]

Facs: [•]

Cóip chuig:

[•]

[•]

Facs: [•]

**Maidir leis an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach
("SaorCAE") - Daingniúchán Tiomantais**

A Dhaoine Uaisle,

Tagraimid do Chreat-Chomhaontú SaorCAE idir Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Éire, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cípire, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, an Phoblacht Heilléanach agus SaorCAE (na "**Páirtithe**") arna shíniú an [•] 2010.

Tugaimid fógra daoibh leis seo go bhfuilimid údaraithe go cuí faoinár ndlíthe náisiúnta go gceadófar dúinn a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú thuasluaite le héifeacht ón [dáta].

Le meas,

[**Ainm an Bhallstáit de chuid an limistéir euro**]

[•] [•]

PÁRAS-1-1075295-v17